An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

De réir cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, is mór an onóir dom é Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach, Cluain Sceach, B.Á.C. 14.
Teileafón: 01-2697766. Facs: 01-2697437. www.rpii.ie

Ráiteas Misin

"Daoine a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche, idir radaíocht nádúrtha agus radaíocht shaorga, trí rialú éifeachtach a bheith i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol agus comhairle thráthúil chruinn a sholáthar don phobal agus don Rialtas."

An Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII	6
Seirbhísí Rialála	7
Seirbhísí Monatóireachta agus Tomhais Radaíochta	11
Seirbhísí Comhairleacha	14
Seirbhísí Corparáideacha	19
Baill an Bhoird	22
Struchtúr na Foirne	24
Coistí Comhairleacha	25
Ráitis Airgeadais	27

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006 na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chur i láthair. Rinneadh an-dul chun cinn i rith na bliana i gcosaint mhuintir na hÉireann ar ghuaiseacha a eascraíonn as an radaíocht ianaíoch, ach tá roinnt ceisteanna deacra ar ghá aghaidh a thabhairt orthu go fóill.

I rith 2006 chonacthas na céimeanna deireanacha d'fheachtas píolótach an RPII maidir le reachtaíocht a tugadh isteach sa bhliain 2000 a chur i bhfeidhm chun rialú a dhéanamh ar a mhéid is a bhíonn daoine faoi lé radóin agus foinsí radaíochta eile ar an láthair oibre. Cuireadh tús leis an gclár sa bhliain 2001 nuair a threoraigh an RPII do thuairim is 3100 fostóir in Inis agus i dTrá Lí radón a thomhas. D'ainneoin go raibh dianfheachtas fógraíochta ann sa réigiún ar an gceist chun fostóirí a chur in iúl ar a bhfreagrachtaí i leith radóin, bhí roinnt mhaith díobh nach bhfuarthas freagra ar bith uathu. I mí an Mhárta 2005 d'fhaomh an Bord go ndéanfaí ionchúiseamh ar fhostóirí toisc gur theip orthu radón a thomhas agus toisc nár chuir siad an RPII ar an eolas maidir le torthaí na dtomhas laistigh de thréimhse sé mhí, de réir mar atá de cheangal orthu faoin reachtaíocht. Tháinig na cásanna seo os comhair na gCúirteanna Dúiche le linn 2006 agus ionchúisíodh triúr fostóirí. Sa mhéid gur féidir le fostaithe a bheith faoi lé i bhfad níos mó radóin ar an láthair oibre, i gcúinsí áirithe, ná mar a bheidís faoi lé radaíochta saorga i ngairmeacha a bhaineann go sonrach le radaíocht, leanfaidh an RPII ag cur ina luí ar fhostóirí i Limistéir Ard-Radóin an méid radóin ar an láthair oibre acu a thomhas agus bainfidh an RPII feidhm as a chumhachtaí ionchúisimh, más gá.

I dTuarascáil Bhliantúil 2005, tharraing mé aird ar an ngá atá ann breithniú a dhéanamh ar chur ar bun lárshaoráid stórála dramhaíola chun bainistiú a dhéanamh ar fhoinsí radaighníomhaíochta atá as úsáid ag eascairt as substaintí radaighníomhacha i gcúrsaí leighis, oideachais, tionsclaíochta agus ó fhoinsí eile. Tá gá le saoráid dá leithéid d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le dramhaíl radaighníomhach a stóráil ag suímh éagsúla agus chun freastal ar cheanglais idirnáisiúnta na hÉireann sa réimse seo. Le linn 2006, bhí an tsaincheist seo go maith chun tosaigh ar chlár oibre an Bhoird agus tharraing an Bord aird an Rialtais air arís leis an tuarascáil shonrach a chuir sé faoi bhráid an Rialtais agus trína chomhairle ar an ábhar a thabhairt cothrom le dáta. Go háirithe, tá an Bord den tuairim go bhfuil gá le polasaí náisiúnta maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí chun déileáil go críochnúil leis an gceist, mar a n-áireofaí diúscairt deiridh agus aon chéimeanna a mbeadh gá leo roimhe sin. Cuireadh in iúl nach rabhthas sásta nach raibh saoráid ann in Éirinn le stóráil a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach nuair a bhí Éire ag cur i láthair ag an dara cruinniú athbhreithniúcháin de Chomhchoinbhinsiún na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach Shábháilteacht an Bhainistithe ar Bhreosla Spíonta agus ar Shábháilteacht an Bhainistithe ar Dhramhaíl Radaighníomhach. Bhí an cheist seo ar an t-aon cheist dhiúltach i dtuarascáil dhearfach seachas sin. Is cúis imní i gcónaí é an easpa dul chun cinn ar an gceist seo.

Ar cheann de na forbairtí sa chéad chúpla mí de 2007 a bhfuil impleachtaí fadtéarmacha aige don RPII bhí cinneadh an Rialtais gníomhaireacht amháin a bhunú, le dóthain acmhainní, chun déileáil le cúrsaí a bhaineann le radaíocht ianaíoch agus neamhianaíoch agus é seo a bhaint amach ach cur le feidhmeanna agus cumhachtaí an RPII. Bhreithnigh an Bord an fhéidearthacht seo cúpla uair roimhe seo agus tá sé den tuairim gur forbairt thar a bheith dearfach atá ann ar an gcoinníoll go gcuirtear na hacmhainní a mbeadh gá leo ar fáil chun tabhairt faoin obair bhreise agus ar an gcoinníoll go ndéantar na feidhmeanna a shonrú chomh soiléir agus is féidir, ag cur san áireamh go mbeadh plé ann leis na ranna agus na gníomhaireachtaí a bhfuil freagrachtaí orthu sa réimse seo cheana féin.

Bhreithnigh an Bord an scéal cheana féin agus táimid ag súil le bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun plean forfheidhmithe a cheapadh don chúram nua seo atá beartaithe a chur ar an RPII.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl, maille le buíochas mo chomhbhaill Bhoird do Anita Dowling a d'éirigh as mar bhall Boird i mí Bealtaine 2006, tar éis di téarma cúig bliana a chaitheamh linn agus don Dr. Séan Darby a d'éirigh as mar bhall Boird i mí na Samhna 2006. Fáiltím roimh Patrick Gilligan mar ionadaí an APSM agus roimh an Dr. Niall McEniff mar ionadaí Dhámh na Raideolaithe. Fáiltím freisin roimh cheapadh Darina Muckian,

Adi Roche agus Frank Turvey, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo uile agus le gach ball Boird as a seirbhís fhlaithiúil don RPII.

Táim fíorbhuíoch as an díograis agus an saineolas a bhí i gcónaí ina dtréithe d'obair fhoireann an RPII. Tá mo bhuíochas ag dul, freisin, do bhaill Choistí Comhairleacha an RPII a thug a gcuid ama agus a gcuid saineolais go flaithiúil chun cur le hobair an PRII.

Mar fhocal scoir, tá buíochas an RPII ag dul don tacaíocht agus don spreagadh a fuair an eagraíocht ó Dick Roche, TD mar Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus táim ag súil le bheith ag obair leis an Aire nua, John Gormley, TD agus leis an Aire Stáit, Tony Kileen, TD. Tá an RPII go mór faoi chomaoin na n-oifigeach sa Rannóg um Shábháilteacht Núicléach sa Roinn toisc a gcomhoibrithe agus a dtacaíochta i rith na bliana. Tá buíochas ag dul do Ranna, d'institiúidí tríú leibhéal agus do ghníomhaireachtaí eile ar oibrigh an RPII leo le linn 2006.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Le linn 2006 lean an RPII ag obair chun a mhisean a bhaint amach – is é sin daoine a chosaint ó dhrochéifeachtaí na radaíochta ianaíche ach rialú éifeachtach a bheith ann, monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol agus comhairle bheacht thráthúil a sholáthar don phobal agus don Rialtas.

Rialú

Eisíodh 105 ceadúnas nua i rith na bliana – sin méadú seasta ar úsáid na radaíochta ianaíche in Éirinn. Is díol suntais é go háirithe gur osclaíodh trí ospidéal phríobháideacha agus nuair a bheidh na hospidéil sin ag feidhmiú go hiomlán beidh raon éagsúil seirbhísí raideolaíochta á dtairiscint acu. Tá dul chun cinn á dhéanamh chomh maith ar phleanann do thabhairt isteach seirbhísí raideolaíochta nua in ospidéil san earnáil phoiblí. Beidh sé mar dhúshlán don RPII maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an bhonneagair le cosaint i gcoinne na radaíochta sna hospidéil seo, mar a bheidh do na gníomhaireachtaí a bhíonn ag gabháil do rialú úsáidí leighis na radaíochta ianaíche.

Ar cheann de na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le cur i bhfeidhm céimneach an bhonneagair don chosaint ar radaíocht tá clár an RPII um Chosaint Radaíochta le haghaidh Comhairleoirí um Chosaint Radaíochta, a seoladh le linn 2005. Faoi dheireadh 2006, faomhadh 26 duine aonair agus eagraíocht le seirbhísí um Chosaint Radaíochta a chur ar fáil sna hearnálacha leighis, fiaclóireachta agus tréidliachta. A bhuíochas leis an gclár seo is féidir an ceanglas dlíthiúil a chur i bhfeidhm a bhaineann le go bhfuil gá ag ceadúnaithe Comhairleoir um Chosaint Radaíochta atá cláraithe a cheapadh. Le linn 2006, bhí sé de cheangal ar gach ceadúnaí leighis a chinntiú go raibh a gComhairleoir um Chosaint Radaíochta cláraithe. Ina theannta sin, ní mór do gach fiaclóir a mheabhrú go mbeidh sé de cheangal ar gach fiaclóir Comhairleoir um Chosaint Radaíochta cheapadh, ón gcéad dáta athnuachana eile i mí Mheán Fómhair 2007 amach, agus go mbeidh orthu socrú a dhéanamh le go ndéanfadh an Comhairleoir um Chosaint Radaíochta athbhreithniú ar na socruithe lena chinntiú go bhfuil cosaint mhaith ar fáil ó radaíocht.

Tríd is tríd, chloígh na 1581 ceadúnaí go maith leis na ceanglais ceadúnúcháin. Rinneadh dhá chéad agus a dó cigireacht i rith na bliana, ag díriú go háirithe ar na ceadúnaithe nach ndearnadh cigireacht orthu ó 2003 i leith. Forbairt nua a tharla le linn na bliana ná go ndearnadh athbhreithniú, le linn na gcigireachtaí, ar na socruithe atá ann maidir le slándáil na bhfoinsí radaighníomhacha agus é seo ag eascairt as an gcúis imní atá ann ar bhonn idirnáisiúnta go mbainfí drochúsáid as na foinsí sin. Thug An Garda Síochána cúnamh leis an obair agus tá sé beartaithe aontú ar chomhchlár oibre le linn 2007. I measc na bpríomhréimsí nár comhlíonadh na ceanglais iontu le linn na gcigireachtaí bhí siad seo a leanas: gan nósanna imeachtaí um shábháilteacht radaíochta agus measunaithe riosca a athbhreithniú, nuair a fhaightear foinsí radaíochta nua, agus gan eolas a sholáthar do na húdaráis chuí agus don phobal. Bhí ionchúiseamh amháin ann toisc tomhsaire dlús taise núicléach a bheith i seilbh duine gan cheadúnas.

An tarlú is tromchúisí a bhí ann le linn na bliana ná nuair a tugadh méid áirithe den radanúiclíd teicnéitiam-99m, a úsáidtear chun scanadh cnáimhe a dhéanamh, don othar mícheart. Ag teacht le conclúidí na lianna comhairleacha san ospidéal, bhí an RPII sásta nach raibh impleachtaí sláinte ag baint leis an dáileog a bhí i gceist, cé gur sháraigh an dáileog an t-uasmhéid atá ceadaithe do bhall den phobal. Sheol an RPII litir cháinte go dtí an t-ospidéal agus chuir sí comhairle ar gach ceadúnaí leighis maidir leis an ngá atá ann a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ann chun a chinntiú gur an t-othar ceart atá i gceist agus go gcuirtear na nósanna imeachta sin i bhfeidhm. Déanfar breis imscrúdaithe ar mhinicíocht tarluithe dá leithéid san earnáil leighis le linn 2007.

Monatóireacht ar an gComhshaol

Léirigh clár monatóireachta comhshaoil an RPII, maidir leis an gcomhshaol mara, gur trí bhia mara a ithe is mó a bhíonn an pobal faoi lé radaighníomhaíochta saorga sa chomhshaol mara, agus gur caeisiam-137 is cúis le tuairim is 60-70% den dáileog iomlán sin. Fuarthas gurb í an mheándáileog éifeachtach a fhaigheann an duine a itheann roinnt mhaith bia mara ó Mhuir Éireann ná 0.75 µSv, is é sin níos lú ná 0.1% den uasdáileog a mholtar de bhaill den phobal, a sheasann ag 1000µSv (1 mSv) ó fhoinsí saorga radaíochta, nuair a rinneadh staidéar ar an tiúchan de chaeisiam-137 agus de theicnéitiam-99 san fharraige feadh an chósta i gcomhar leis an tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta, Tuaisceart Éireann. Tá na torthaí seo ag teacht leis na saintréithe a bhaineann le scaoileadh núicléach ó Sellafield; is é sin le rá go bhfuil tiúchan radanúiclíde ag a leibhéal is airde feadh chósta Mhuir Éireann (23 mBq/l de chaeisiam-137 agus 15 mBq/l de theicnéitiam-99) le leibhéil níos ísle feadh chósta thiar na hÉireann (3.8 mBq/l de chaeisiam-137 agus 0.9 mBq/l de theicnéitiam-99 i mBóthar na Trá, Gaillimh).

Radón

Sa mhéid gurb é radón an fhoinse is mó radaíochta a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé, lean an RPII le linn 2006 ag úsáid roinnt mhaith dá acmhainní ar a chlár radóin. Rinneadh an leibhéal radóin a thomhas i 2646 teach cónaithe – sin 448 teach sa bhreis ar an 3662 ar aimsigh an RPII tiúchan radóin iontu a bhí os cionn an leibhéil tagartha. Rinneadh leibhéal radóin a thomhas i 513 láthair oibre chomh maith, agus den líon sin ba scoileanna iad 50 díobh. Fuarthas go raibh tiúchan radóin a sháraigh an leibhéal tagartha náisiúnta i gceithre scoil agus i 37 láthair oibre eile, i seomra amháin ar a laghad agus cuireadh comhairle orthu uile bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Tháinig na hionchúisimh, ar cuireadh tús leo sa bhliain 2005 i gcoinne ceithre fhostaí i dTrá Lí agus i gcoinne ceithre fhostaí in Inis ar theip orthu na treoracha a fuair siad a chomhlíonadh maidir le radón a thomhas ar an láthair oibre, os comhair na Cúirte Dúiche le linn 2006. I dtrí cinn de na cásanna ciontaíodh na cosantóirí, gearradh fíneáil orthu agus tugadh ordú dóibh na costais a íoc. I dtrí chás eile phléadáil na cosantóirí ciontach, díbheadh na cásanna ar an gcoinníoll go n-íocfadh gach cosantóir €500 le bosca na mbocht sa chúirt. Díbheadh na cásanna eile.

Comhairle

Ceann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag an RPII ná comhairle a sholáthar don Rialtas agus don phobal ar chúrsaí a bhaineann le cosaint raideolaíoch. Le linn na bliana, rinne an RPII tuilleadh dul chun cinn ar a thionscadal trí bliana, ar tionscadal é atá ag measúnú na bhfoinsí éagsúla radaíochta a bhfuil muintir na hÉireann faoin lé. Sa bhliain 2006 díríodh ar dhaoine a bheith faoi lé radaíochta cosmaí agus faoi lé radaíochta sa láthair oibre, idir radanúiclídí nádúrtha is radanúiclídí saorga.

Is ón gcianspás a thagann radaíocht chosmach agus méadaíonn sé le hairde os cionn leibhéal na farraige. In Éirinn is í an ghnáthdháileog de radaíocht chosmach os cionn leibhéal na farraige ná tuairim is 300μSv in aghaidh na bliana. Le haghaidh daoine a oibríonn ar eitleáin nó daoine a eitlíonn go minic, féadfaidh na dáileoga radaíochta a bheith i bhfad níos airde ná sin. Bunaithe ar líon na n-eitiltí a thóg daoine a bhí ina gcónaí in Éirinn sa bhliain 2005, léiríonn staidéar a rinne an RPII an meastachán seo a leanas: mar mheán i measc an phobail ar fad de 4.23 milliún duine, is í an mheándáileog a fhaigheann daoine ó bheith ag taisteal ar eitleán ná 45 μSv sa bhreis ar an leibhéal os cionn na farraige. I gcás na ndaoine a oibríonn ar eitleáin, d'fhéadfadh an dáileog radaíochta a bheith i bhfad níos airde agus d'fhéadfadh an méid a bhíonn siad faoi lé radaíochta a bheith faoi réir rialaithe agus faoi réir uasmhéid 20 mSv do dháileog in aghaidh na bliana, ó 2000 i leith. Léiríonn torthaí staidéar an RPII cé go bhfuil líon na ndaoine a oibríonn ar eitleáin a mheastar a fhaigheann dáileoga de bhreis is 1 mSv in aghaidh na bliana tar éis dul i méid, níl aon chás inar taifeadadh go bhfuarthas dáileog os cionn 6 mSv le linn 2006.

Maidir le bheith faoi lé radaíochta ar an láthair oibre, léirigh staidéar an RPII an méid seo a leanas – idir 1996 agus 2005, gur mhéadaigh an líon oibrithe a bhí faoi lé radaíochta bliain ar bhliain in earnáil an leighis. Cibé scéal é, d'fhan na dáileoga tiomsaithe d'oibrithe sna hearnálacha leighis, tionsclaíochta agus oideachais nach mór mar an gcéanna le cúpla bliain anuas, is é sin 47, 50.3 agus 0.6 man mSv faoi seach.

Le linn na bliana, lean an RPII ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar chúrsaí in Sellafield agus i suímh núicléacha eile sa RA. Níor tuairiscíodh aon tarlú sa RA de chás ar chomhlíon an scála seacht phointe den INES (International Nuclear Event Scale). I mí Dheireadh Fómhair, thug foireann RPII cuairt ar stáisiún núicléach Wylfa in Anglesey, i dTuaisceart na Breataine Bige, an t-imoibreoir magnox is mó sa RA agus an ceann is cóngaraí d'Éirinn. Chuir an chuairt forbhreathnú cuimsiteach ar fáil maidir leis an lucht bainistíochta, an rialú agus oibriú na saoráide.

Thar na blianta, chuir an RPII comhairle ar an Rialtas ar bhonn leanúnach maidir leis an ngá a bhí le saoráid stórála a chur ar fáil chun déileáil le dramhaíl radaighníomhach a ghintear in Éirinn. Le linn 2006 ullmhaíodh tuarascáil shonrach don Rialtas ag leagan amach na faidhbe atá ann faoi láthair in Éirinn maidir le dramhaíl agus chun síneadh a chur le comhairle an RPII le go gcuirfí béim ar fhorbairt an pholasaí náisiúnta maidir le bainistiú ar dhramhaíl radaighníomhach. Chuirfeadh a leithéid sin de pholasaí san áireamh na dualgais atá ar Éirinn sa réimse seo, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, ar gealltanais iad atá ag dul i méid agus rachadh sé i ngleic le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí ar bhealach cuimsitheach – idir fhoinsí a aimsiú is dhiúscairt deiridh.

Seirbhísí Corparáideacha

Chuidigh an struchtúr eagrúchán nua a tugadh isteach sa bhliain 2005 leis an RPII dul chun cinn a dhéanamh maidir le baint amach a mhisin, go háirithe sna forbairtí suntasacha a rinneadh i gcúrsaí acmhainní daonna, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus i mbainistiú taifead. Ina ainneoin seo, ní féidir roinnt feidhmeanna a chomhlíonadh go fóill, go háirithe sa réimse riaracháin, toisc easpa acmhainní foirne. Cuireadh aighneacht shonrach ar an gceist seo faoi bhráid ár máthair-Roinne, agus táimid ag feitheamh thoradh na haighneachta sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a chur in iúl d'fhoireann uile an RPII as a ndíograis agus a dtacaíocht agus iad ag iarraidh misean na heagraíochta a bhaint amach le linn na bliana. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin d'fhoireann na Rannóige um Shábháilteacht Núicléach sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus d'oifigigh eile a Roinn as an tacaíocht a chuir siad ar fáil d'obair an RPII.

An Dr Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII

Leagann Ráiteas Straitéise 2005-2007 amach, ráiteas a cuireadh i gcrích go luath le linn 2005, na ceithre Thosaíocht Straitéiseacha a chuimsíonn an treo a ghlacfaidh an RPII do na blianta go dtí 2007, an bhliain sin san áireamh. Seo a leanas na tosaíochtaí sin:

- Pobal na hÉireann a chosaint ar éifeachtaí dochracha a bhainfeadh le bheith faoi lé radaíochta ianaíche, agus an chosaint seo a sholáthar trí mheán an rialaithe agus na comhairle;
- Riachtanais nua an chustaiméara a aithint agus freastal ar na riachtanais sin, ar riachtanais iad atá de shíor ag athrú;
- Clár forbartha foirne a chur i bhfeidhm – clár a thugann aitheantas don mhéid a dhéanann siad ar son na heagraíochta agus clár a éascaíonn cur i ngníomh Thosaíochtaí Straitéiseacha na hInstitiúide;
- Feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chríochnúlacht oibríochtúil.

Ainmníodh roinnt cuspóirí agus beart a ghabhfadh le gach tosaíocht straitéiseach chun a chur iúl an chaoi ina dtabharfadh an RPII faoi gach ceann de na tosaíochtaí a bhaint amach. Cuireadh táscairí feidhmíochtaí tábhachtacha san áireamh a d'fhéadfaí a úsáid chun feidhmíocht maidir le gach beart a mheas.

I mí Eanáir, ceapadh plean gnó le haghaidh 2006, a leag amach na saintascanna a rachfar ina mbun i rith na bliana chun dul i ngleic leis na cuspóirí a ainmníodh agus cheadaigh an Bord an plean sin. Cuirtear síos sna coda seo a leanas den tuarascáil bhliantúil ar an obair a rinne na rannóga éagsúla in RPII i rith na bliana.



Seirbhísí Rialála

Réamhrá

Tá an RPII freagrach as rialú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann daoine le ceadúnais sna hearnálacha leighis, tréidliachta, oideachais agus tionsclaíochta as radaíocht ianaíoch. Baintear úsáid as radaíocht ianaíoch sna hearnálacha seo le haghaidh na nithe seo a leanas: cúrsaí diagnóiseacha, cúrsaí teiripeacha, taighde agus forbairt agus próisis táirgeachta. Déanann an RPII rialú chomh maith ar a mhéid is a bhíonn daoine a oibríonn ar eitleáin faoi lé radaíochta cosmaíche agus, nuair is cuí, oibríonn sé ar ghníomhaíochtaí a mbíonn Ábhair Radaighníomhacha atá ann go Nádúrtha i gceist leo.

Ceadúnú

Ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag an Rannóg um Sheirbhísí Rialála tá ceadúnú a dhéanamh ar fhoinsí na radaíochta ianaíche. Is trí chomhlíonadh na gcoinníollacha a ghabhann le gach ceadúnas ar féidir na caighdeáin is airde a bhaint amach sa chosaint ar radaíocht.

Le linn na bliana, d'eisigh an RPII 105 ceadúnas do chleachtais nua – seo i gcomparáid le 114 sa bhliain 2005 agus 98 sa bhliain 2004. As na ceadúnais nua a eisíodh sa bhliain 2006, eisíodh 42 (40%) díobh san earnáil fiaclóireachta agus 21 (20%) d'fhorais tionsclaíochta agus oideachais i gcomhair úsáid trealaimh X-ghathaithe ar stíl caibinéid. Léiríonn Fíor 1 an raon ceadúnas a eisíodh le linn na bliana, le sonraí comparáideacha san áireamh le haghaidh 2003, 2004 agus 2005. Osclaíodh trí ospidéal phríobháideacha sa bhliain 2006 – ceann amháin sa oirdheisceart agus dhá cheanna i limistéar Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh na hospidéil sin ag feidhmiú ina n-iomláine, beidh raon ilghnéitheach de sheirbhísí raideolaíochta ar fáil iontu, lena n-áirítear X-ghathú diagnóiseach, leigheas núicléach, Tomagrafaíocht Astaithe Posatrón (TAP)/Tomagrafaíocht Ríofa (TR) agus radaiteiripe. Nuair a thabharfar isteach na saoráidí nua TAP/TR déanfar dúbailt ar na saoráidí dá leithéid in Éirinn – is é sin beidh sé cinn de shaoráidí dá leithéid ar fáil. Faoi láthair cuirtear na seirbhísí TAP/TR ar fáil san earnáil chúraim shláinte phríobháideach. Tá sé beartaithe, ámh, go dtabharfar dhá cheann de shaoráidí dá leithéid isteach in ospidéil san earnáil phoiblí sa chéad chúpla bliain atá amach romhainn. Is dúshlán ar leith é bunú agus cothabháil an bhonneagair a mbeadh gá leis don chosaint ar radaíocht i sainsaoráidí dá leithéid ó thaobh nósanna imeachta, oiliúna agus an fháil a bheadh ar shaineolaithe cuí go háirithe i réimse na fisice leighis.

Le linn 2006, cuireadh ceadúnas ar fáil d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh soitheach soghluaiste X-ghathaithe, a mbainfeadh oifigigh chustaim úsáid as go príomha chun contrabhannaí a aimsiú. Chomh maith leis sin tá cumais braite radaighníomhaíochta aige, forbairt thábhachtach d'Éirinn sa chumas atá ag an tír gáinneáil ar fhoinsí aindleachtacha a thabhairt faoi deara.

Fíor 1: Ceadúnais nua a eisíodh



Tá sé de cheangal ar gach ceadúnaí a chur i bhfios don RPII mí amháin roimh ré má tá sé beartaithe acu aon athruithe a dhéanamh ar shonraí a gceadúnais. Le linn na bliana. fuarthas 866 iarratas ar leasúcháin ar cheadúnais reatha. De bhreis air sin, rinneadh athnuachan ar 304 ceadúnas reatha.

Ceanglais dhlíthiúla d'Úsáideoirí Trealamh X-ghathaithe

Nuair a bhítear ag cur daoine faoi lé X-ghathaithe chun críocha leighis, tá sé de cheangal ar dhaoine a bhfuil aonaid X-ghathaithe acu dhá ionstraim reachtúil a chomhlíonadh a bhaineann go díreach le cosaint ar radaíocht: I.R Uimh 125 de 2000 a chuireann i bhfeidhm an Treoir ón gComhairle a bhaineann le Bunchaighdeáin Sábháilteachta (Treoir 96/29/Euratom) a bhaineann le cosaint an oibreora agus bhaill an phobail ar na dainséaraí a bhaineann le radaíocht ianaíoch agus I.R. Uimh. 478 de 2002 a chuireann i bhfeidhm Treoir 97/43/Euratom ón gComhairle maidir le cosaint daoine ar na dainséaraí maidir le bheith faoi lé radaíochta ianaíche i réimse an leighis. Is é an RPII an t-údarás inniúil le haghaidh I.R. Uimh. 125 de 2000 agus cuireann sé i bhfeidhm a cheanglas agus is é/í an tAire Sláinte agus Leanaí an t-údarás inniúil chun críocha I.R. 478 de 2002.

Leagtar amach in I.R. Uimh. 478 de 2002 na ceanglais d'fhorordaitheoirí agus do chleachtóirí atá freagrach as X-ghathanna a thógáil d'othair lena n-áirítear forálacha a bhaineann leis na daoine sin a chlárú. Níor cuireadh clár ar bun go dtí seo chun daoine a aithint, seachas na daoine atá faofa ag na Comhairlí Leighis agus Fiaclóireachta, le haghaidh X-ghathanna chun críocha leighis. Tá ceadúnas ag líon círichleachtóirí a thug an RPII dóibh maidir le trealamh X-ghathaithe agus iad ag comhlíonadh cheanglais I.R. 125 de 2000. Is cúis imní é don Bhord, ámh, nach

bhfuiltear ag cur i bhfeidhm go leor forálacha I.R. Uimh. 478 de 2002 san earnáil seo. Tar éis breithniú a dhéanamh ar chúrsaí mar atá faoi láthair, a rinneadh ag cruinniú Boird i mí na Nollag, scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, TD, ag tarraingt aird an Aire ar chúiseanna imní an RPII, ar cúiseanna imní leanúnacha atá ann maidir leis an úsáid neamhrialaithe a d'fhéadfadh círichleachtóirí agus daoine eile a bhaint as trealamh leighis X-ghathaithe, a n-eascraíonn cúiseanna imní as maidir le sábháilteacht na n-othar agus ag iarraidh uirthi a chinntiú go gcuireann a Roinn forálacha I.R. Uimh. 478 de 2002 i bhfeidhm. Mar fhreagra air sin chuir an tAire in iúl nach bhfuil sé beartaithe gairmeacha leighis eile a aithint chun críocha na reachtaíochta agus go ndéanfaí leasú ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair chun na forálacha forfheidhmithe a dhaingniú.

Ceadúnais Fiaclóireachta

Tá sé de cheangal faoi I.R. Uimh. 125 de 2000 go ndéanfadh gach ceadúnaí fiaclóireachta agus leighis Comhairleoir um Chosaint Radaíochta (CCR) a cheapadh agus tá CCRanna cláraithe ceaptha cheana féin le haghaidh gach saoráide a bhfuil ceadúnas leighis aici. Cheap an RPII coinníollacha ceadúnaithe nua le linn na bliana, a thiocfaidh i bhfeidhm i Meán Fómhair 2007 le haghaidh na gceadúnas atá ann cheana féin, agus beidh sé de cheangal ar gach cleachtas fiaclóireachta faoi na coinníollacha sin CCR a cheapadh agus socrú a dhéanamh don CCR athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh agus ar leagan amach na limistéar ina n-úsáidtear trealamh X-ghathaithe agus a chinntiú go ndéantar tástáil um dhearbhú cáilíochta dhá uair sa bhliain ar aonaid X-ghathaithe. De bhreis air sin, beidh sé de cheangal ar na daoine a shuiteálann aonaid X-ghathaithe scrúdú suiteáilte a dhéanamh ar gach aonad agus tuarascáil scríofa a sholáthar don fhiaclóir maidir le toradh an scrúdaithe.

Tugadh breac-chur síos ar cheanglais ceadúnaithe le haghaidh 2007 do Chumann Fiaclóirí na hÉireann i mí Aibreáin 2006 ag a Chruinniú Bliantúil Eolaíochta. Chomh maith leis sin, scríobh an RPII chuig gach ceann dá cheadúnaithe fiaclóireachta i mí na Nollag ag cur i bhfios dóibh go gcuirfeadh sé i bhfeidhm a cheanglais le haghaidh gach cleachtais a cheap CCR faoin taca go dtarlódh an chéad tréimhse athnuachana eile – is é sin Meán Fómhair 2007. Seoladh liosta chuig gach fiaclóir de na CCRanna faofa atá ar fáil chun seirbhísí a sholáthar in earnáil na fiaclóireachta agus cuireadh comhairle orthu CCR a cheapadh a luaithe agus ab fhéidir.

Cigireacht

Le linn na bliana, rinne an RPII 202 cigireacht ar fud na gcatagóirí ceadúnaithe. Cé go dtugann an RPII fógra de ghnáth do cheadúnaithe go mbeidh cigireacht á dhéanamh, rinneadh cigireacht, i gcúpla cás, gan fógra a thabhairt. Tá líon na n-iniúchtaí de réir an chineáil cheadúnais léirithe i dTábla 1.

Tábla 1: Catagóirí ginearálta ceadúnais agus cigireachtaí

Catagóir ceadúnais	Líon na gceadúnaithe	Cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2006
Úsáideoirí Tionsclaíocha	311	97
Dáileoirí Tionsclaíocha	31	8
Oideachas & Taighde	21	6
Ranna Rialtais agus Seirbhísí a Reáchtálann an Stát	5	2
Ospidéil/Leigheas	163	50
Dáileoirí Leighis	26	6
Tréidlianna	192	13
Fiaclóirí	832	20
IOMLÁN	**1581**	**202**

Ar cheann de na tosaíochtaí do chlár 2006 bhí cigireacht a dhéanamh ar cheadúnais nach ndearnadh cigireacht orthu ó 2003 i leith le béim ar leith ar ospidéil ina bhfuil rannóga leighis núicléiche agus ar chuideachtaí a bhfuil trealamh X-ghathaithe acu. Cuireadh san áireamh sa chlár, freisin, na saoráidí radaiteiripe nach ndearnadh cigireacht orthu an bhliain roimh ré. Chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialála agus ceadúnaithe, rinne na cigirí athbhreithniú ar na socruithe slándála laistigh de na hospidéil agus de na háitribh tionsclaíochta. Bhreithnigh an t-athbhreithniú seo na socruithe slándála agus stórála le haghaidh na bhfoinsí séalaithe agus neamhshéalaithe go léir chomh maith leis na nósanna imeachta inmheánach do sheachadadh foinsí nua, a tharlaíonn go minic lasmuigh d'uaireanta oifige, go háirithe i gcás na n-ospidéal. Ina theannta sin, cuireann clár cigireachta an RPII an deis ar fáil le go roinnfí an cleachtas is fearr i gcúrsaí cosanta radaíochta i measc na gceadúnaithe.

Fuarthas go raibh leibhéal maith comhlíonta ann i measc ceadúnaithe. Fuarthas go raibh cúpla réimse neamhchomhlíonta ann, ámh, i rith na bliana le linn na gcigireachtaí. I measc na réimsí seo bhí siad seo a leanas: gan nósanna imeachta cosanta radaíochta agus measúnuithe riosca a leasú, gan Príomh-Oifigeach Dóiteáin an údaráis áitiúil a chur ar an eolas go raibh ábhair ceadúnaithe ann agus gan suíomh na n-ábhar sin a chur i bhfios dóibh, gan a chur i bhfios don RPII gur athraíodh sonraí an cheadúnais, gan calabrú a dhéanamh ar uirlisí monatóireachta, gan comharthaí rabhaidh a chur ar taispeáint agus gan a chinntiú gur chaith pearsanra dáileogmheádair an t-am ar fad.

Forfheidhmiú

I mí Eanáir 2006, chuir an RPII an dlí ar cheadúnaí toisc go raibh tomhsaire dlús taise núicléiche acu agus toisc cúrsaí eile maidir le tástáil cuimilte, calabrú, taifid a choinneáil agus foinsí a scaradh. Rinneadh an ceadúnaí a ionchúiseamh toisc nach raibh ceadúnas aige le go mbeidh seilbh aige ar thomhsaire dlús taise núicléiche, gearradh fíneáil air agus ordaíodh dó costais dhlíthiúla a íoc leis an gCúirt Dúiche, Aonach Urmhumhan.

Eisíodh roinnt litreacha aturnaetha mar chuid den phróiseas um athnuachan ceadúnas, a raibh rath air i rialú a dhéanamh ar shaincheisteanna nach raibh réiteach orthu go fóill. Eisíodh treoracha freisin, mar a bhí de cheangal de réir na gcigirí, ag cur iallaigh ar cheadúnaithe dul i ngleic le raon saincheisteanna laistigh de thréimhse shainithe.

Tá sé de chumhacht ag an RPII treoir a thabhairt d'fhostóirí radón a thomhas agus ionchúiseamh a dhéanamh in aghaidh na ndaoine a dteipeann orthu an treoir sin a chomhlíonadh. Le linn 2005, rinne an RPII ionchúiseamh ar fhostóirí i dTrá Lí agus in Inis toisc gur theip orthu treoir a chomhlíonadh. Tháinig na cásanna os comhair na gCúirteanna Dúiche i dTrá Lí agus in Inis le linn 2006. I dTrá Lí, phléadáil triúr cosantóirí ciontach; díbheadh na cásanna, ámh, ar an gcoinníoll go n-íocfadh gach cosantóir €500 le Bosca Cúirte na mBocht. Phléadáil an ceathrú cosantóir neamhchiontach agus díbheadh an cás sa mhéid nach bhféadfadh an RPII a chruthú chun sástachta na cúirte gur cuireadh an treoir i bhfios i gceart don chosantóir. In Inis, ionchúisíodh triúr cosantóirí, gearradh fíneáil orthu agus ordaíodh dóibh costais a íoc agus díbheadh an ceathrú cás sa mhéid nach bhféadfadh an cás ionchúisimh dul ar aghaidh ar a lá sin.

Tarluithe agus Dáileoga Intuairiscithe

Tá sé mar choinníoll i gcás gach ceadúnais go ndéanann an ceadúnaí imscrúdú iomlán ar an tarlú nuair a bhíonn dáileog a sháraíonn leibhéal tuairiscithe sonraithe taifeadta ar dháileogmhéadar pearsanta. Is iad 2 mSv agus 50 mSv faoi seach na leibhéil ar ghá tuairisciú ina leith don chorp iomlán agus do na foircinn le haghaidh tréimhse 16 seachtaine.

Cuireadh i bhfios don RPII nuair a tharla 21 dáileog intuairiscithe dá leithéid le linn na bliana. Tar éis imscrúdú a dhéanamh i gcás gach dáileoige a tuairiscíodh bhí an RPII in ann a chinneadh nach raibh aon duine, ar bhain na dáileogmhéadair sin leo, faoi lé na ndáileog a taifeadadh le linn a gcuid gníomhaíochtaí oibre.

I mí Eanáir, chuidigh an RPII le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Longfoirt aisghabháil a dhéanamh ar thomhsaire damáistithe ina raibh foinse ameiriciam-241 ó áitreabh an cheadúnaithe, áitreabh a raibh roinnt damáiste déanta ag dóiteán dó. D'éirigh leo an tomhsaire a fháil agus tá sé i stóráil dhaingean faoi láthair. Sa mhéid go raibh clúdach morthimpeall an tomhsaire breá téagartha daingean níor sceith aon chuid den fhoinse ameiriciam-241.

I mí Iúil rinne an RPII aisghabháil ar fhoinse 'deibhleáin' ó bhall den phobal a bhí tar éis bosca beag luaidhe a aimsiú a raibh na focail 'uranium' scríofa air, agus iad ag glanadh botháin ag bun an ghairdín. Rinneadh anailísiú ar ábhar an bhosca agus dearbhaíodh go raibh comhdháil úráiniam – méid ceadúnaithe – agus carraig/blúire méine ina raibh úráiniam – ach iadsan ag sárú na méideanna ceadúnaithe. Tá na míreanna seo á gcoinneáil faoi láthair ag an PRII i stóras daingean.

Le linn na bliana, rinne an PRII imscrúdú ar tharlú inar tugadh teicnéitiam-99m don othar mícheart in ospidéal. Seoladh an duine le haghaidh scanadh cnáimhe a bhí beartaithe d'othair eile leis na ainm céanna. Bhí an RPII den tuairim, ag teacht le I.R. Uimh. 125 de 2000, sa mhéid nár tugadh an teicnéitiam-99m le haghaidh gnáthamh diagnóiseach ordaithe, go raibh an duine sin, de réir dlí, ina bhall den phobal agus ní ina (h)othar. Go praiticiúil, is é a chiallaigh sé sin ná go raibh an t-ospidéal ciontach sa mhéid gur cheadaigh sé do bhall den phobal dáileog a fháil a sháraigh an t-uasmhéid atá ceadaithe do bhall den phobal. Ag teacht le conclúidí shainlianna an ospidéil, bhí an RPII sásta nach raibh impleachtaí na dáileoige suntasach sa chás áirithe seo. Tar éis imscrúdú a dhéanamh sheol an RPII litir cháinte chuig an ospidéal agus scríobh sé ina dhiaidh sin chuig a cheadúnaithe leighis á gcur ar an eolas maidir leis na tarlú seo, agus ag cur comhairle orthu gur ghá a chinntiú go mbeadh nós imeachta ann chun aitheantas othair a dhearbhú agus go gcuirfí an nós imeachta sin i bhfeidhm agus chun iad a chur ar an eolas maidir leis na himpleachtaí dlíthiúla a d'eascair as.

An Clár um Chomhairleoirí Cosanta Radaíochta

Sheol an RPII clár um Chomhairleoirí Cosanta Radaíochta (CCR) i mí Dheireadh Fómhair 2005. Cuireadh Coiste Measúnaithe ar bun ar a bhfuil trí bhall foirne ón RPII agus beirt shaineolaithe sheachtracha chun measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí a lorgaíonn áit ar an gclár. Ar an gclár seo tá ainmneacha na ndaoine atá faofa le go gcuirfidís seirbhísí CCR ar fáil sna hearnálacha leighis, fiaclóireachta agus tréidliachta. Le linn 2006, chuir daoine 32 iarratas faoi bhráid an Choiste Mheasúnaithe, a bhí ag iarraidh go ndéanfaí faomhadh orthu le go bhféadfaidís feidhmiú mar CCRanna. Tar éis moltaí a fháil ón gCoiste Measúnaithe, faomhadh 26 de na hiarratais. I gcás na n-iarrthóirí nár éirigh leo áit a fháil ar an gclár, scríobh cathaoirleach an Choiste Mheasúnaithe chucu ag míniú dóibh cén fáth nár éirigh lena n-iarratas agus i gcásanna áirithe ag moladh nithe a bhféadfaidís dul ina mbun chun dul i ngleic le réimsí inar theip orthu na critéir a chomhlíonadh.

Tuarascáil maidir le Dramhaíl Radaighníomhach

Chuir an RPII an chomhairle chéanna ar an Rialtas le roinnt mhaith de bhlianta anuas gur ghá go mbeadh saoráid stórála ann chun déileáil le dramhaíl radaighníomhach a gintear in Éirinn. I dtuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Rialtais dar teideal *'Towards a Radioactive Waste Management Policy for Ireland'* leag an RPII amach go sonrach an fhadhb atá ann faoi láthair in Éirinn maidir le dramhaíl agus chuir sé lena chomhairle gur chóir polasaí náisiúnta a cheapadh maidir le bainistiú ar dhramhaíl radaighníomhach. Chuirfeadh a leithéid sin de pholasaí san áireamh na gealltanais atá tugtha ag Éirinn, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, sa réimse seo agus go ndéileálfadh sé leis an gceist a bhain le bainistiú ar dhramhaíl radaighníomhach ar bhealach cuimsitheach – idir fhoinsí a aimsiú agus dhiúscairt deiridh.

An Tionscnamh um Shlándáil Foinsí

Cé gur ceadúnaithe atá freagrach as foinsí radaighníomhacha, is cúis mhór imní é sábháilteacht agus slándáil na bhfoinsí, go háirithe na foinsí a bhfuil ábhar ard-radaighníomhacha iontu nó foinsí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Tá an chúis imní chéanna ann ar bhonn idirnáisiúnta, mar a bhfuil plé ann ar an drochúsáid a d'fhéadfaí a bhaint as foinsí dá leithéid. Le linn 2006, d'oibrigh an RPII leis An Garda Síochána ar thionscnamh d'fhonn comhchlár a chomhaontú sa bhliain 2007 ag díriú ar na cúiseanna imní slándála ar bhealach cuimsitheach.

Meamram Tuisceana leis an Údarás Sábháilteachta agus Sláinte

Shínigh an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte Meamram Tuisceana i mí Mheán Fómhair ag díriú ar na guaiseacha atá bainteach le radaíocht ianaíoch ar an láthair oibre.

Díríonn an Meamram Tuisceana ar roinnt príomhréimsí ina bhféadfaí comhoibriú a bheith ann. I measc na réimsí sin tá iompar na n-ábhar radaighníomhach, guaiseacha agus timpistí ar na láthair oibre ina bhfuil foinsí radaíochta ianaíche i gceist leo chomh maith leis an idirchaidreamh oibríochtúil idir an dá eagraíocht. Leagan an Meamram Tuisceana béim freisin ar an mbaol a bhaineann le radón ar an láthair oibre agus chuir sé grúpa oibre ar bun ar na tsaincheist. Cuideoidh an comhoibriú seo leis an dá eagraíocht an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chur i bhfeidhm, ar Acht é a chuireann dualgais ar fhostóirí maidir le radaíocht ianaíoch. Chomh maith leis sin, leanfaidh an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte ag seoladh a ionadaí le bheith ar Choiste Comhairleach um Radaíocht Leighis an RPII.

Seirbhísí Monatóireachta agus Tomhais Radaíochta

Réamhrá

Na príomhfheidhmeanna atá ag an Rannóg um Sheirbhísí Monatóireachta agus Tomahis Radaíochta ná monatóireacht a dhéanamh ar radaighníomhaíocht sa chomhshaol agus raon seirbhísí tomhais ar ardchaighdeán a sholáthar atá mar chuid ríthábhachtach den bhonneagar náisiúnta atá ann maidir le cosaint radaíochta. Cuireann an Rannóg clár cuimsitheach monatóireachta comhshaoil i bhfeidhm, mar a ndéantar sampláil agus anailísiú rialta ar raon samplaí bia agus samplaí ón gcomhshaol. Na haidhmeanna atá leis an gclár seo ná tomhas a dhéanamh ar a mhéid is a bhíonn pobal na hÉireann faoi lé radaighníomhaíochta sa chomhshaol, measúnú a dhéanamh ar leitheadúlacht radaniúiclídí i gcomhshaol na hÉireann agus córais agus nósanna imeachta a chothú, a chuidíonn le measúnú gasta a dhéanamh ar éilliú an chomhshaoil i gcás go mbeadh éigeandáil raideolaíoch ann. Faoi láthair cuireann an Rannóg seo tuairim is 30 seirbhís tomhais ar leith ar fáil ar fud na gcúig réimse seirbhísí dóiteáin: radón, calabrú, dáileogmhéadracht, calabrú bia, teastasú bia agus seirbhísí anailíseacha. I measc na gcliant tá ospidéil, teaghlaigh, daoine a easpórtálann Bia Éireannach, tionscail agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Tá sé mar pholasaí ag an RPII ardchaighdeán cáilíochta a bhaint amach, ag teacht le riachtanais na gcustaiméirí agus riachtanais rialaitheacha i ngach gné dá ghníomhaíochtaí monatóireachta. Déanann an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú an creidiúnú ar an Rannóg seo go seachtrach agus glacann an Rannóg páirt i gcláir chomparáideacha idirshaotharlann a bhaineann le gach ceann dá chúig réimse seirbhíse. Sula ndearnadh atheagrú ar an RPII sa bhliain 2005, bhí trí chóras bainistithe cáilíochta ar leith ann sa tsaotharlann rada-anailíseach, seirbhís chun radón a thomhas agus seirbhísí dáileogmhéadrachta/calabrúcháin. Le linn 2006, atheagraíodh iad seo uile chun go mbeidís i gcóras amháin bunaithe ar lámhleabhar cáilíochta amháin faoi cheannas bainisteora rannóige cáilíochta. Ní hé amháin gur cuireadh feabhas ar éifeachtacht de bharr an chuíchóirithe seo, ach cuireadh feabhas ar luach an chórais ach leas a bhaint as an gcomhoibriú ar fud na rannóige.

Monatóireacht ar an gComhshaol

Le linn 2006, chuir an RPII clár cuimsitheach monatóireachta ar an gcomhshaol i bhfeidhm mar a ndearnadh sampláil agus tástáil ar radaighníomhaíocht san aer, in uisce óil, i mbia, in éisc, in éisc sliogáin, i ndríodar agus i sáile, chomh maith le tomhas leanúnach a dhéanamh ar ghámaradaíocht sheachtrach.

Maidir leis an gcomhshaol mara, bailíodh tuairim is 300 sampla d'éisc, de shliocgéisc, d'fheamainn, de sháile agus de dhríodar agus rinneadh tástáil orthu le linn na bliana. Mar a rinneadh i mblianta roimhe sin, ba trí mheán an bhia mara an príomhbhealach a raibh an pobal faoi lé radaighníomhaíochta saorga sa chomhshaol mara agus ba é caesiam-137 a príomhradanúiclíd, arbh é ba chúis le tuairim is 60-70% den dáileog iomlán. Fuarthas gurbh é 0.75 µSv an meándáileog éifeachtach a fuair duine a d'ith roinnt mhaith bia ó Mhuir Éireann, ar féidir é a chur i gcomparáid le 1.1 µSv sa bhliain 2005 agus 0.8 µSv sa bhliain 2004. Tá na sonraí seo i gcomhréir leis an bpátrún a bhí le sonrú go déanach sna nóchaidí mar ar fhan na dáileoga a fuair daoine a d'ith bia mara ag an am sin beagnach mar an gcéanna leis na dáileoga atá ann anois, le hathruithe beaga ann ó bhliain go bliain go príomha toisc pátrúin iascaireachta tráchtála a bheith ag athrú seachas toisc an tiúchan radaighníomhaíochta sa chomhshaol.

Déanann an RPII, i gcomhar le Met Éireann, tomhas leanúnach ar radaighníomhaíocht san aer agus ar an ráta gámadháileoige comhthimpeallaí trí mheán líonra náisiúnta de stáisiúin mhonatóireachta buaine. Le linn 2006, rinneadh an ráta gámadháileoige comhthimpeallaí a thomhas ag 15 stáisiún agus rinneadh radaighníomhaíocht a thomhas ag 8 stáisiún. Bhí na leibhéil aeriompartha radaighníomhaíochta íseal agus i gcomhréir leis na tomhais a rinneadh i mblianta roimhe sin, agus ní raibh aon leibhéal as an ngnách de ráta gámadháileoige comhthimpeallaí ann. Rinneadh sampláil agus tástáil ar réim bia measctha, ar bhainne agus ar bhia-ábhair eile lena n-áirítear táirgí bainne, bia do leanaí, mairteoil, uaineoil, éineoil agus glasraí. Léiríonn na tomhais seo go bhfuil na leibhéil de radaíocht shaorga i réim bia mhuintir na hÉireann fós íseal.

Fíor 2: Radaighníomhaíocht san fharraige – staidéar uile-oileáin

Port Rois	
Tc-99:	5 mBq/l
Cs-137:	11 mBq/l
Latharna	
Tc-99:	14 mBq/l
Cs-137:	15 mBq/l
Ards	
Tc-99:	15 mBq/l
Cs-137:	10 mBq/l
An Grianfort	
Tc-99:	13 mBq/l
Cs-137:	23 mBq/l
Baile Brigín	
Tc-99:	10 mBq/l
Cs-137:	20 mBq/l
Cathóir	
Tc-99:	6 mBq/l
Cs-137:	13 mBq/l
Dún Mór	
Tc-99:	1.9 mBq/l
Cs-137:	5.4 mBq/l
B. Caisleán Beara	
Tc-99:	1.0 mBq/l
Cs-137:	1.5 mBq/l
Bóthar na Trá	
Tc-99:	0.9 mBq/l
Cs-137:	3.8 mBq/l
Moin Séarlas	
Tc-99:	0.2 mBq/l
Cs-137:	1.9 mBq/l

Le linn 2006, rinneadh staidéar ar thiúchain de chaesiam-137 agus de theicnéitiam-99 i sáile feadh chósta na tíre i gcomhar leis an tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta, Tuaisceart Éireann. Tá torthaí maidir le caesiam-137 agus teicnéitiam-99 léirithe i bhFíor 2 agus léiríonn siad an dáileadh geografach atá ag teacht leis an sceitheadh ó Sellafield – is é sin go bhfuil na leibhéil is airde feadh an chósta san oirthuaiscirt idir Baile Brigín, Co. Átha Cliath agus Latharna, Co. Aontroma agus é ag laghdú de réir a chéile ag gluaiseacht feadh chósta an oirthir i dtreo Chathóir, Co. Cill Mhantáin agus suas feadh an chósta thuaidh i dtreo Phort Rois, Co. Aontroma le leibhéil níos ísle ar chósta thiar na hÉireann.

Léiríonn torthaí ó chlár comhshaoil an RPII nach bhfuil baol ann do phobal na hÉireann ó na dáileoga a thagann ó radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol agus go bhfuil siad beag i gcomparáid leis an dáileog a bhíonn mar thoradh ar radaíocht chúlrach. Foilsíodh na torthaí uile i sraith tuarascálacha monatóireachta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an RPII. Sa bhliain 2006, den chéad uair riamh, tiomsaíodh na sonraí mara, domhanda agus ón atmaisféar agus cuireadh iad in aon tuarascáil monatóireachta comhshaoil amháin a chuimsíonn na blianta 2003 go 2005. Roimhe sin, foilsíodh na torthaí ar leithligh, i Sraith Monatóireachta ar Radaighníomhaíocht Mara agus Chomhshaoil.

Seirbhísí Anailíseacha

Déanann an rannóg radaicheimice den Rannán tiúchain radanúiclídí a thomhas i raon leathan de shamplaí chun tacú le cláir mhonatóireachta an RPII agus thar ceann na gcliant seachtrach dála tionscail, comhlachtaí poiblí eile agus baill den phobal. I measc na seirbhísí um thomhas radaicheimice a chuir an tsaotharlann ar fáil le linn 2006 bhí siad seo a leanas: tástáil ar tháirgí Éireannacha chun a chinntiú go raibh siad ag comhlíonadh cheanglas na dtíortha iompórtála, tástáil ar uisce óil chun a chinntiú go raibh sé ag comhlíonadh na Treorach um Uisce Óil (98/83/CE), anailís ar thástálacha cuimilte, tástáil agus teastasú ar shamplaí dreidireachta chun a chinntiú go raibh siad ag comhlíonadh an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1996, agus radón a thomhas in uisce óil. San iomlán rinneadh tástáil ar 2208 sampla le linn na bliana agus léiríonn Tábla 2 an miondealú ar na líon de réir cineáil.

B'ionann líon na dteastas táirgí a eisíodh sa bhliain 2006 do dhaoine a rinne easpórtáil ar tháirgí Éireannacha agus 4229, agus é sin i gcomparáid le 4422 agus 4242 sna blianta 2005 agus 2004 faoi seach. Dearbhaíonn na figiúirí seo go bhfuil éileamh seasta ar an tseirbhís seo.

Tábla 2: Tástáil Radaighníomhaíochta ar Shamplaí ón gComhshaol agus ar Bhia-ábhair, 2006

Aer	400
Mairteoil	12
Uaineoil	17
Muiceoil/Éineoil	5
Uisce Óil	117
Éisc agus Sliogéisc	87
Sáile, dríodar agus feamainn	130
Bainne agus táirgí déiríochta	563
Cógaisíocht & breiseáin (dlútháin, comhábhair)	210
Bia eile (gráin, alcól)	90
Ilghnéitheach (ciarsúir, bia ó cheaintín)	577
IOMLÁN	**2208**

Dáileogmhéadracht Phearsanta

Le linn 2006, chuir an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta 80,000 dáileogmhéadar ar fáil do 1000 cliant ar fud na hÉireann, agus rinneadh monatóireacht ar tuairim is 9000 duine. B'ionann na dáileog uile-choirp is airde a taifeadadh le linn 2006 agus 4.9 mSv. Is féidir é sin a chur i gcomparáid leis an uasteorainn do dháileog uile-choirp – 20 mSv – le haghaidh oibrithe a bhíonn faoi lé radaíochta ianaíche.

Rinneadh tomhas ar na dáileoga a fuair na foircinn i ndaoine a bhí ag obair i dtionscail, i dtaighde agus in ospidéil. Fuair fisiceoir ospidéil an dáileog bhliantúil is airde, 62.7 mSv, ar a lámh dheis. Is féidir an luach seo a chur i gcomparáid leis an uasteorainn do dháileog bhliantúil de 500 mSv d'oibrithe a bhíonn faoi lé radaíochta ianaíche.

Lean an fhoireann dáileogmhéadrachta ag tabhairt a n-ionchuir ar dhá ghrúpa idirnáisiúnta, An Grúpa Dáileogmhéadrachta Radaíochta Eorpach, EURADOS agus grúpa sa Ríochta Aontaithe darb ainm UK Personal Radiation Monitoring Group, PRMG, a spreagann an comhoibriú maidir le cúrsaí dáileogmhéadrachta.

Calabrú ar Ionstraimí

Sa bhliain 2006, rinne an tSeirbhís tástáil ar 396 ionstraim lena chinntiú go raibh siad ag comhlíonadh na sonraíochtaí cuí a bhí luaite ag an déantóir.

Tá sé de cheangal ar cheadúnaithe a bhfuil foinsí radaighníomhaíochta séalaithe acu iad a thástáil gach dhá bhliain chun a chinntiú nach bhfuil siad ag sceitheadh. Sa bhliain 2006, rinneadh anailísiú ar isteach is amach le 400 tástáil cuimilte agus fuarthas i ngach cás nach raibh siad ag sárú an leibhéil tagartha de 200 Bq.

Le linn 2006, lean an tSeirbhís lena ballraíocht ar an Líonra Dáileogmhéadrachta atá ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus ar an bhFóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianaíche. Chomh maith leis sin, lean an tseirbhís ar aghaidh lena ballraíocht ar an ngrúpa Méadreolaíochta Eorpaí, EUROMET, ag a bhfuil an cuspóir cur chun cinn a dhéanamh ar chomhordú na ngníomhaíochtaí agus na seirbhísí méadreolaíochta agus é mar chuspóir aige sin éifeachtacht níos fearr a bhaint amach.

Radón a Thomhas

Leanadh ar aghaidh leis na tomhais ar radón, mar a ndearnadh tomhas ar líon suntasach – cuireadh tomhas i gcrích i 2646 teach cónaithe sa bhliain 2006. Den líon sin, fuarthas go raibh an leibhéal i 448 teach ag sárú an leibhéil tagartha náisiúnta de 200 Bq/m^3. Dá bharr sin is ionann an t-iomlán de thithe cónaithe agus 4110 ar bhonn náisiúnta a fuair an RPII go bhfuil tiúchain radóin os cionn an leibhéil tagartha. Sa bhliain 2006, rinne an tseirbhís tomhas ar radón i 513 láthair oibre, lena n-áirítear 50 scoil. I gcás ceithre scoil agus 37 ionad oibre eile fuarthas go raibh an tiúchan radóin ag sárú an leibhéil tagartha náisiúnta i seomra amháin nó níos mó agus cuireadh comhairle orthu seo go léir bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Seirbhísí Comhairleacha

Réamhrá

Tá na Rannán Seirbhísí Comhairleacha freagrach as eolas agus comhairle a chur ar fáil don Rialtas agus don phobal. Ar na príomhréimsí oibre a bhíonn ar bun ag an rannán seo tá sábháilteacht núicléach, ullmhacht d'éigeandálaí agus radón. Chomh maith leis sin, déanann an Rannán seo bainistiú ar shuíomh gréasáin an RPII agus is é a bhíonn i dteagmháil leis na meáin. Déanann an Rannán comhordú ar staidéir measúnaithe dáileoige agus ar an obair chomhairleachta idirnáisiúnta go léir a bhíonn ar bun ag foireann an RPII.

Comhairle maidir le Radón

Seónna Bóthair maidir le Radón

Le linn 2006, bhí sraith de sheónna bóthair ag an RPII a bhí dírithe ar feasacht an phobail a spreagadh maidir leis an mbaol a bhaineann le radón. Reáchtáladh dhá sheó bóthair i gCluain Meala agus i nGaillimh. Léirigh na meáin áitiúla agus náisiúnta spéis shuntasach iontu seo agus mar thoradh orthu cuireadh i gcrích líon níos mó tomhas radóin. Chomh maith leis sin, bhí seastán eolais ag an RPII ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i gCeatharlach i mí Mheán Fómhair. Thug tuairim is 1000 duine cuairt ar an seastán i gcaitheamh ceithre lá an imeachta.

An Fóram Náisiúnta maidir le Radón

I mí na Samhna, reáchtáil an RPII a cheathrú Fóram Náisiúnta maidir le Radón i nGaillimh. Bhí na leibhéil arda radóin in Éirinn agus iad i gcomparáid le leibhéil idirnáisiúnta, ina mhórthéama san fhóram maille le bealaí inar féidir le húdaráis áitiúla dul i ngleic leis an mbaol ó radón ar bhonn áitiúil. Labhair aoichainteoirí ag an bhfóram ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus ón nGníomhaireacht um Chosaint Sláinte ón Ríocht Aontaithe, ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus ón RPII. Bhí an fóram ar an gceann is mó go dtí seo agus ghlac beagnach 100 duine páirt ann – ina measc údaráis áitiúla, cuideachtaí feabhsúcháin radóin agus tomhais radóin agus grúpaí ón bpobal a mbíonn imní orthu maidir leis an gceist seo.

Measúnú ar Dháileoga Radaíochta

Sa bhliain 2005, chuir an RPII tús le tionscadal trí bliana chun measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éagsúla radaíochta a bhfuil pobal na hÉireann faoin lé. Le linn 2006, rinneadh meastóireacht ar dhá bhealach ina mbíonn daoine faoi lé radaíocht chosmach agus dáileoga a fhaigheann daoine a bhíonn faoi lé radaíocht shaorga mar chuid dá ngairm. Is é a bhíonn i gceist leis seo ná mionscrúdú a dhéanamh ar gach bealach, a dhéanamh amach cé hiad na daoine a bhíonn faoina lé agus an dáileog iomlán agus an mheándáileog a ríomh a mbíonn an gnáthdhuine faoina lé.

Radaíocht Chosmach

Is ón gcianspás a thagann radaíocht chosmach agus méadaíonn sé le hairde os cionn leibhéal na farraige. In Éirinn. tá an dáileog ó radaíocht chosmach os cionn leibhéal na farraige cuíosach tairiseach mar a bhfaigheann gach duine dáileog de thuairim is 300 microsievert (µSv) gach bliain. Bíonn sonraí turgnamhacha ag teacht go maith le luachanna a ríomhtar go teoiriciúil.

Léiríonn meastóireacht ar staitisticí náisiúnta gur tháinig méadú 50% ar an líon eitiltí ar a raibh daoine a chónaigh in Éirinn idir na blianta 2001 agus 2005. Tharla an méadú seo go príomha ar eitiltí gearraistir chuig an Eoraip, a bhí méadú suntasach ó thaobh céatadáin de ar eitiltí cianaistir chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá, chuig an Áise agus chuig an Astráil.

Léiríonn Fíor 3a go bhfuarthas díreach os cionn 50% den chomhdháileog sa bhliain 2005 ar eitiltí cianaistir chuig an Eoraip, go háirithe chuig an Spáinn agus chuig an RA (Fíor 3b). Tríd is tríd, nuair a fhaightear meán don dáileog iomlán ar fud phobal na hÉireann, de 4.23 milliún duine, is ionann an dáileog indibhidiúil ó thaisteal ar eitleáin agus 45 µSv breise. Bheifí ag súil go bhfaigheadh daoine a eitlíonn go minic dáileoga radaíochta bliantúla i bhfad níos airde.

Fíor 3: Dáileadh ar Chomhdháileoga a fhaigheann daoine a Chónaíonn in Éirinn ó Bheith ag Taisteal ar Eitleáin (2005)



Rinneadh meastóireacht freisin ar dháileoga a fuair criúnna eitleán ó radaíocht chosmach. Tá a mhéid a bhíonn criúnna eitleáin faoi lé radaíochta cosmaí faoi réir rialála faoin I.R. Uimh. 125 de 2000. Tá sé de cheangal ar shealbhóir teastais tionscnóirí airthaistil meastóireacht a dhéanamh ar dháileoga a fhaightear chun cinneadh a dhéanamh cibé acu an bhfuil gá bearta a chur i bhfeidhm chun a mhéid a bhíonn daoine faoi lé radaíochta cosmaí a rialú nó nach gá. Baineann an ceanglas seo le tionscnóirí airthaistil a bhfuil sé níos dóichí go bhfaighidh a gcriúnna dáileog níos mó ná 1 millisievert (mSv), agus go praiticiúil ní bhaineann sé seo ach le haerlínte a eitlíonn os cionn 8,000 méadar.

Baineann na haerlíne úsáid as samhlacha bogearraí aitheanta chun dáileoga a mheas. Léiríonn Fíor 4 an treocht leanúnach de líon aerchriúnna a fhaigheann dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv. Le haghaidh 2006, léirigh an t-eolas a fuarthas ó 6 as 8 dtionscnóir aerthaistil gur measadh go bhfuair 5686 duine dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv. Den líon sin, fuair 2791 idir 1 agus 2 mSv, fad is a fuair 2589 dáileoga idir 2 agus 4 mSv agus fuair 306 dáileoga os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh aon dáileoga os cionn 6 mSv.

Fíor 4: Líon na mball foirne a oibríonn ar eitleáin a mheastar a fuair dáileoga níos mó ná 1 mSv



Faoi Lé na Radaíochta Saorga ag an Obair

Léiríonn athbhreithniú a rinneadh ar an mbunachar sonraí atá ag an RPII d'oibrithe a bhí faoi lé dáileoga radaíochta idir 1996 agus 2005 (Fíor 5) go bhfuil méadú tagtha ar an líon oibrithe sin bliain i ndiaidh a chéile. Is léir gurb in earnáil an leighis atá na líon is mó d'oibrithe a bhíonn faoina lé. Léiríonn Fíor 5 cé go bhfuil an líon oibrithe a bhíonn faoina lé tar éis dul i méid tá an chomhdháileog tar éis titim go comhsheasmhach. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás na hearnála leighis, mar a bhfacthas comhlaghdú ón mbliain 1996 i leith. Bhí dáileoga a fuair oibrithe in earnáil na tionsclaíochta fanta beagnach mar an gcéanna le 10 mbliana anuas agus is ionann iad faoi láthair agus tuairim is 60% den chomhdháileog ó radaíocht ar an láthair oibre. Is í an raideolaíocht dhaignóiseach agus radaghrafaíocht thionsclaíoch ar an láthair is cúis le breis is leath den chomhdháileog sna hearnálacha leighis agus tionsclaíochta faoi seach.

Sa bhliain 2006, b'ionann an chomhdháileog a fuair oibrithe a bhí faoi lé radaíochta sna hearnálacha leighis, tionsclaíochta agus oideachais/taighde agus 47, 50.3 gus 0.6 man mSv faoi seach, an-chosúil leis na luacha don bhliain roimh ré.

Rinneadh measúnuithe freisin ar na dáileoga a fuair oibrithe a bhí raoi lé radóin faoi thalamh i mianaigh agus i bpluaiseanna taispeána. Ón mbliain 2001 i leith, rinneadh monatóireacht ar cheithre láthair

Fíor 5: Líon na n-oibrithe a ndearnadh monatóireacht orthu don mhéid a bhí siad faoi lé radaíochta agus comhdháileoga i ngach earnáil faoi seach in Éirinn, 1996-2005



oibre dá leithéid – trí phluais taispeána agus mianach amháin – áit a raibh oibrí ag fáil dáileoga bliantúla de bhreis is 1 mSv. Tá achoimre de na sonraí le fáil i dTábla 3. Sa bhliain 2006, b'ionann an dáileog is airde a fuair oibrí indibhidiúil agus 3.9 mSv.

Ullmhacht d'Éigeandálaí

An Líonra Náisiúnta um Monatóireacht Radaíochta

Mar chuid den Phlean Éigeandála Náisiúnta do Thimpistí Núicléacha (NEPNA), feidhmíonn RPII líonra náisiúnta de 15 stáisiún ráta gámadháileoige a ndearnadh uasghrádú orthu agus ar cuireadh síneadh leo sa bhliain 2005.

Le linn 2006, chuir an RPII tús leis na uasghrádú agus le síneadh a chur lena líonra monatóireachta ar radaighníomhaíocht sa aer. San áireamh sa líonra nua beidh cúig stáisiún samplála aeir ar líne a chuirfidh ar a gcumas rochtain láithreach ar fháil ar shonraí, chomh maith le seacht shamplálaithe láimhe as líne. Déanfaidh na stáisiúin uathoibríocha monatóireacht leanúnach ar radaighníomhaíocht san aer agus seolfar na torthaí chuig an RPII.

Cleachtaí agus Oiliúint Éigeandála

D'fhonn a ról a chur i bhfeidhm faoin NEPNA, tá fophlean oibríochtúil i bhfeidhm ag an RPII. Gné thábhachtach den ullmhacht le haghaidh éigeandála ná go mbeadh druileanna agus cleachtaí ann den fhophlean. Le linn na bliana, ghlac an RPII páirt i roinnt cleachtaí um fhógra idirnáisiúnta agus malartú sonraí a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnt do Fhuinneamh Adamhach. Ina theannta sin, rinneadh cleachtadh agus oiliúint san ullmhacht d'éigeandálaí ag baint úsáide as an tsamhail scaipthe atmaisféaraigh in ARGOS (Accident Reporting

Tábla 3: Dáileoga a fuair treoraithe i bpluaiseanna taispeána agus i mianaigh faoi thalamh in Éirinn (2001-2006)

	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Treoraithe i bPluaiseanna Taispeána						
Líon na nOibrithe faoina Lé	15	14	21	17	25	32
Meán (mSv)	4.8	3.4	2.2	1.9	2.9	1.5
Raon (mSv)	0.4 - 11.0	0.5 - 12.0	0.3 - 6.1	0.3 - 7.2	0.3 - 9.6	0.2 - 3.9
Comhdháileog (man mSv)	72	48	46	32	72	48
Mianadóirí Faoi Thalamh						
Líon na nOibrithe faoin Lé	easpa dálaí	18	easpa dálaí	40	23	easpa dálaí
Meán (mSv)	easpa dálaí	1.2	easpa dálaí	0.4	0.6	easpa dálaí
Raon (mSv)	easpa dálaí	0.1 - 2.8	easpa dálaí	0.02 - 1.6	0.2 - 1.0	easpa dálaí
Comhdháileog (man mSv)	easpa dálaí	22	easpa dálaí	18	13	easpa dálaí

and Guidance Operational System). Ullmhaíodh straitéis um chleachtaí éigeandála d'fhophlean an RPII maille le clár cleachtaí le haghaidh 2007-2009. Chomh maith leis sin, rinneadh obair ar mheasúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí éagsúla a d'fhéadfadh a thitim amach dá dtarlódh timpiste in Wylfa agus Sellafield agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de thimpiste ar Éirinn.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Bíonn an RPII páirteach san obair a bhíonn idir lámha ag príomheagraíochtaí idirnáisiúnta a cheapann caighdeáin agus treoir maidir le sábháilteacht núicléach agus na húsáidí a baintear as radaíocht ianaíoch. I measc na n-eagraíochtaí sin tá an tAontas Eorpach, An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, An Ghníomhaireacht do Fhuinneamh Núicléach de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus an Eagraíochta Dhomhanda Sláinte.

Déanann an RPII ionadaíocht i gcónaí ar os cionn 20 coiste agus grúpa oibre idirnáisiúnta eolaíochta gus teicniúil, lena n-áirítear Coiste 4 den Choimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch. Tá an RPII ina chathaoirleach ar Choiste um Chaighdeáin Sábháilteachta san Iompar de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, ar Ghrúpa Oibre na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar Threoirlínte maidir le bheith faoi lé Radóin agus ar Líonra Údaráis Cosanta Radaíochta na hEorpa.

Ghlac na RPII páirt sa Ghrúpa Oibre um Shábháilteacht Núicléach, a cuireadh ar bun faoi scáth an Ghrúpa um Cheisteanna Adamhacha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, a chuir a obair i gcrích sa bhliain 2006. Rinne an Grúpa Oibre athbhreithniú ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le sábháilteacht núicléach agus le bainistiú sábháilte a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach, lena n-áirítear socruithe airgeadais a dhéanamh chun íoc as costais an dramhaíl sin a dhíchoimisiúnú. Mhol an Grúpa Oibre, inter alia, go gcuirfí ar bun Grúpa Ardleibhéil de Rialtóirí um Shábháilteacht Núicléach laistigh den Aontas Eorpach chun cothú a dhéanamh ar shábháilteacht núicléach agus feabhas a chur air.

Le linn 2006 ghlac an RPII páirt sa Chomhchoinbhinsiún de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach um Bainistiú ar Shábháilteacht Breosla Spíonta. Tá sé de cheangal ar gach Páirtí Conarthachta an Choinbhinsiúin tuarascáil a chur i láthair ag cruinnithe athbhreithniúcháin, a reáchtáiltear de ghnáth uair gach trí bliana. Cuirtear síos sna tuarascálacha seo, a ndéanann na páirtithe conarthachta eile athbhreithniú agus plé orthu, ar na céimeanna atá á gcur i ngníomh agus na céimeanna atá beartaithe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le bainistiú sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach. Chuir an RPII tuarascáil na hÉireann i láthair ag Cruinniú Athbhreithniúcháin 2006 thar ceann na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus d'fheidhmigh ball foirne eile de chuid an RPII mar *rapporteur* do cheann de na grúpaí athbhreithniúcháin. Bhíothas sásta go maith le tuarascáil na hÉireann, cé nach rabhthas sásta nach bhfuil saoráid stórála ann go fóill in Éirinn le haghaidh dramhaíl radaighníomhach agus d'fhoinsí deibhleáin.

Bíonn an RPII i ndlúth-theagmháil i gcónaí leis an dá rialtóir núicléacha sa RA, eadhon Cigireacht na Suiteálacha Núicléacha den Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta agus an Ghníomhaireacht Chomhshaoil. Cuireadh caidrimh ar bun chomh maith le linn na bliana leis an Údarás um Dhíchoimisiúnú Núicléach sa RA.

Trí mheán a Chláir Chomhoibriúcháin Theicniúil, déanann an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach caighdeáin um chosaint radaíochta a cheapadh maille le cláir tomhais ina Bhallstáit. Déanann an RPII a chion ar son an chláir ach saineolaithe a sholáthar chun litríocht chomhairleach a cheapadh, cúrsaí oiliúna

a reáchtáil agus treoir a sholáthar maidir le cosaint radaíochta. Le linn 2006, mar chuid den obair seo tugadh cuairt ar an mBanglaidéis, ar Bhrúiné, ar na Aetóip agus ar an tSaimbia. Ina theannta sin, mar chuid den chonradh chun cumais theicniúla a fhorbairt i Stáit Iarrthacha, chaith beirt eolaithe ón RPII cúpla seachtain ag soláthar oiliúna sa Bhulgáir maidir le tomhas a dhéanamh ar radaighníomhaíocht in uisce óil.

Comhairle ar an Rialtas

Sábháilteacht Núicléach Thar Lear

Déanann an RPII dlúthmhonatóireacht ar fhorbairtí in Sellafield agus i suímh núicléacha eile sa RA. In Sellafield díríonn an mhonatóireacht seo go háirithe ar an dul chun cinn maidir leis an gclár Umair Stórála Ardghníomhacha a fholmhú agus a n-ábhair a ghloiniú agus saoráidí as úsáid a dhíchoimisiúnú. Chomh maith leis sin, leanann na RPII go dlúth na pleananna a cheap na daoine a oibríonn Sellafield, an British Nuclear Group, chun nach n-atarlódh aon mhórsceitheadh eile, mar a tharla sa bhliain 2005 in THORP (Thermal Oxide Fuel Reprocessing Plant). D'fhan an mhonarcha sin dúnta le linn 2006.

Níor tuairiscíodh aon tarluithe a chomhlíonann na critéir don Scála Tarlaithe Núicléach Idirnáisiúnta sa RA. Mar chuid de na socruithe déthaobhacha eolas a mhalartú maidir le tarluithe a mbeadh spéis ag Éirinn iontu, chuir Cigireacht Suiteálacha na RA an RPII ar an eolas maidir le roinnt tarluithe beaga. Tharla dhá cheann díobh seo in Sellafield ach ní raibh aon suntas raideolaíoch ag baint leo d'Éirinn.

Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh an RPII measúnú teicniúil ar roinnt tuarascálacha idirnáisiúnta a dhéileálann le saincheisteanna dála díchoimisiúnú ar imoibreoirí agus bainistiú dramhaíola. Chuir sé comhairle ar fáil freisin maidir le suntas na dtarluithe núicléacha a tharla i dtíortha eile.

An Cuairt a Thug an RPII ar Wylfa

Tá an RPII ar a dhícheall a chinntiú go bhfuil an chomhairle agus an t-eolas a chuireann sé ar fáil don Rialtas maidir le saincheisteanna sábháilteachta beacht agus cuimsitheach agus chomh cothrom le dáta agus is féidir é a bheith. Ar na cúiseanna seo thug an RPII cuairt ar Stáisiún Cumhachta Núicléach Wylfa in Anglesey i dTuaisceart na Breataine Bige. Roghnaíodh Wylfa le do dtabharfaí a leithéid de chuairt air mar gurb é sin an t-imoibreoir Magnox is mó sa RA, go bhfuil an fad saoil teilgthe is faide aige agus, sa mhéid go bhfuil sé 120 Ciliméadar amach ó chósta Bhaile Átha Cliath, gurb é sin an suíomh núicléach is cóngaraí d'Éirinn. Bhíothas den tuairim freisin go mbeadh sé úsáideach cuairt a thabhairt ar imoibreoir Magnox, sa mhéid go n-úsáideann na himoibreoirí sin graifít mar mhaolaire agus go n-úsáidtear dé-ocsaíd charbóin mar fhuarthán, agus go mbaineann siad sin leis na RA amháin. Dá bhrí sin tá eolas sonrach maidir lena ndearadh agus lena bhfeidhmiú níos deacra a fháil ná mar atá do na himoibreoirí níos coitianta a úsáideann uisce éadrom.

Eagraíodh an chuairt, a rinneadh ar an 23-24 Deireadh Fómhair 2006, trí mheán an NII. Chuir foireann ó Magnox Electric, a oibríonn Wylfa chomh maith le stáisiúin Magnox eile, forbhreathnú cuimsitheach de bhainistiú, de rialú agus d'oibriú na saoráide ar fáil chomh maith le turas timpeall an tsuímh. Ghlac an NII agus Gníomhaireacht Comhshaoil na RA, a dhéanann rialú ar sceitheadh ó shuímh núicléacha sa RA, páirt sa chuairt chomh maith. Tá tuarascáil maidir leis na gcuairt foilsithe cheana féin.

Cumarsáid

Chuathas i mbun raon gníomhaíochtaí agus imeachtaí cumarsáide le linn na bliana chun feasacht a spreagadh maidir leis an RPII agus lena ghníomhaíochtaí i measc a spriocghrúpaí príomha dála baill den phobal, custaiméirí, an rialtas láir agus áitiúil, fostóirí agus na meáin.

Cuireadh comhaontú frámaíochta trí bliana i bhfeidhm le dearthóir amháin agus é mar aidhm aige sin comhdhlúthú a dhéanamh ar íomhá chorparáideach an RPII ag baint úsáide as dearadh comhleanúach i ngach foilseachán agus i ngach ábhar de chuid na heagraíochta. Cuireadh tús freisin le treoirlínte brandála corparáidí na heagraíochta a fhorbairt.

Mar chuid den fheachtas réamhghníomhach poiblí agus caidrimh leis na meáin, eisíodh preasráitis nuair a bhí imeachtaí móra de chuid an RPII ag tarlú. Reáchtáladh feachtas meáin réigiúnach le linn na bliana agus den chéad uair baineadh úsáid as fógraíocht ar an raidió áitiúil chun feasacht a spreagadh maidir le radón. Léirigh na meáin spéis mhór le linn na bliana i gcúrsaí agus ghlac an fhoireann páirt in os cionn 45 clár teilifíse agus raidió. Tuairiscíodh ar ghníomhaíochtaí an RPII roinnt mhaith sna meáin chlóite agus i roinnt mhaith alt a bhí i bhfoilseacháin do thomhaltóirí agus i bhfoilseacháin thrádála.

Leanadh leis an nuashonrú ar shuíomh gréasáin an RPII le linn na bliana. Tar éis ghníomhaíocht na meán maidir le radón i mí Iúil agus i mí na Samhna bhí líon na n-amas trí huaire níos airde ná an meán, ag cur in iúl an tábhacht a bhaineann leis an suíomh gréasáin mar a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne. Ar na coda is mó den suíomh gréasáin ar tugadh cuairt orthu bhí na leathanaigh seo a leanas: *radon maps and information, publications, press releases* agus *emergency planning information*.

Sheol an RPII scéim nua le linn na bliana mar a ndéantar tacaíocht airgeadais a thairiscint do thaighde iarchéime a bhaineann le hiompraíocht na radaighníomhaíochta, bíodh an radaighníomhaíocht sin nádúrtha nó saorga. Fuarthas aighneachtaí agus bainfear úsáid as an tionscadal a roghnaítear chun samhlú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a thitim amach sa tréimhse iarthimpiste sa chomhshaol uirbeach, agus tá sé seo ina réimse tosaíochta don RPII mar chuid dá dhualgais le bheith ullamh le haghaidh éigeandálaí. Cuirfear maoiniú ar fáil don tionscadal seo ar feadh trí bliana.

Ghlac saineolaithe eolaíochta an RPII páirt i gcomhdhálacha agus i seimineáir ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon agus chuir sé aoichainteoirí ar fáil do chruinnithe poiblí, agus le haghaidh cúrsaí speisialtachta do raon leathan grúpaí agus forais ghairmiúla éagsúla eile.

Foilseacháin

Páipéir Eolaíochta

Duffy, J.T., O'Grady, J., Madden, J.S., Ryan, T.P., (2006). Transport of radioactive material in Ireland. *Packaging, Transport, Storage & Security of Radioactive Materials*, 17(2), lgh91-96.

Kamenopoulou, V., van Dijk, J.W., Ambrosi, P., Bolognese-Milsztajn, T., Castellani, C.M., Currivan, L.*, Falk, R., Fantuzzi, E., Figel, M., Alves, J.G., Ginjaume, M., Janzekovic, H., Kluszczynski, D., Lopez, M.A., Luszik-Bhadra, M., Olko, P., Roed, H., Stadtmann, H., Vanhavere, F., Vartiainen, E., Wahl, W., Weeks, A., Wernli, C., (2006). Aspects of harmonisation of individual monitoring for external radiation in Europe: Conclusions of a EURADOS action. *Radiation Protection Dosimetry*, 118(2) lgh.139-43.

Kelleher K.*, McLaughlin J.P., Fenton D.*, Colgan P.A.* Comparison of contemporary and retrospective radon gas measurements in high radon dwellings in Ireland. In *Proceedings of the 2nd European IRPA Congress on Radiation Protection, Paris, 15-19 May 2006* (TA: Radiation Protection of the Public and the Environment). *Le foilsiú.*

Lopez, M.A., van Dijk, J.W., Castellani, C.M., Currivan, L.*, Falk, R., Olko, P., Wernli, C., (2006). Individual monitoring for internal exposures in Europe: Conclusions of an EURADOS action. *Radiation Protection Dosimetry.* 118(2), lgh.176-81.

Olko, P., Currivan, L.*, van Dijk, J.W., Lopez, M.A., Wernli, C. (2006). Thermoluminescent detectors applied in individual monitoring of radiation workers in Europe – a review based on the EURADOS questionnaire. *Radiation Protection Dosimetry*, 120, lgh.298-302.

Pham, M.K., Sanchez-Cabeza, J.A., Povinec, P.P., Arnold, D., Benmansour, M., Bojanowski, R., Carvalho, F.P., Kim, C.K., Esposito, M., Gastaud, J., Gascó, C.L., Ham, G.J., Hegde, A.G., Holm, E., Jaskierowicz, D., Kanisch, G., Llaurado, M., La Rosa, J., Lee, S.-H., Liong Wee Kwong, S., Le Petit, G., Maruo, Y., Nielsen, S.P., Oh, J.-S., Oregioni, B., Palomares, J., Pettersson, H.B.L., Rulik, P., Ryan*, T.P., Sato, K., Schikowski, J., Skwarzec, B., Smedley, P.A., Tarján, S., Vajda, N., Wyse, E., (2006). Certified reference material for radionuclides in fish flesh sample IAEA-414 (mixed fish from the Irish Sea and North Sea). In: Proceedings of the 15th International Conference on Radionuclide Metrology and its Applications. *Applied Radiation and Isotopes*, Vol. 64, (10-11), lgh.1253-1259.

Synnott, H., Hanley, O., Fenton, D., Colgan, P.A., (2006). Radon in Irish schools: the results of a national survey. *Journal of Radiological Protection*, 26, lgh.85-96.

Póstaeir

Organo C.*, O'Sullivan, F., (2006). The Castleisland Radon Survey (SW Ireland) In *Proceedings of the 2nd European IRPA Congress on Radiation Protection, Paris, 15-19 May 2006* (TA: Radiation Protection of the Public and the Environment, Poster 187).

Organo, C., Synnott, H., (2006). Indoor Radon Concentrations in Ireland – Effect and awareness of the 1997 amending Building Regulations. In *Proceedings of the 2nd European IRPA Congress on Radiation Protection, Paris, 15-19 May 2006.* (TA: Radiation Protection of the Public and the Environment, Poster 188).

Organo, C., (2006). A review of 4 NORM industries in Ireland. In *Proceedings of the 2nd European IRPA Congress on Radiation Protection, Paris, 15-19 May 2006* (TA: Radiological Protection Systems and Regulation, Poster 248).

Synnott, H., (2006). Radon awareness in Ireland: An assessment of the effectiveness of radon road shows. In: *Proceedings of the 2nd European IRPA Congress on Radiation Protection, Paris, 15-19 May 2006.* (TA: Radiological Protection Systems and Regulation, Poster 295).

Synnott, H., (2006). Radon remediation in Irish schools. In: *Proceedings of the 2nd European IRPA Congress on Radiation Protection, Paris, 15-19 May 2006.* (TA: Radiological Protection Systems and Regulation, Poster 163).

Ailt Ghinearálta

Fennell, S.*, Stritt, N., Thomas, G., (2006). The role of the regulatory body in ensuring that the ALARA principle is implemented in practice. In *10th Workshop on Experience and new Developments in Implementing ALARA in Occupational, Patient and Public Exposures", Prague, Czech Republic, 12-15 September 2006*.

Fenton, D., (2006). Radon Gas – Health Risks and Information. *Vintners Federation of Ireland Update* March/April.

Fenton, D., (2006). Radon Gas – Hazard, Information and Regulation. *Risk Manager – Magazine of the Association of Irish Risk Managers.* Vol 7, Issue 1, Spring. lgh.42-43.

McGarry, A., (2006). Regulatory control of exposure to radiation sources in Ireland. *Controle*, No 170, lgh.33-37.

McGarry, A., (2006). The RPII and local authorities working together to reduce exposure to radon. *Inside Government*, November, lch.43.

** Foireann an RPII i gcomhar le húdair eile.*

Seirbhísí Corparáideacha

Réamhrá

San áireamh sa Rannán Seirbhísí Corparáideacha tá an riarachán airgeadais láir agus na seirbhísí tacaíochta a bhfuil gá leo chun an eagraíocht a rith. Chomh maith leis sin, tá dualgas ar an rannán a chinntiú go gcomhlíontar rialacha an rialachais chorparáidigh agus freagairt do thionscnaimh nua de chuid an Rialtais atá dírithe ar fheabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chríochnúlacht. Seo a leanas roinnt de na príomh-nithe a baineadh amach i rith na bliana.

Rialachas Corparáideach

Sa bhliain 2001, d'eisigh an Roinn Airgeadais Cód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit atá éigeantach agus a bhfuil gá ag comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála cloí leo. Sa bhliain 2006, lean an RPII ag cur i bhfeidhm an Chóid ar bhonn céimneach agus tús áite á thabhairt aige do na riachtanais is práinní. Rinneadh iarracht ar leith cur i bhfeidhm a dhéanamh ar mholtaí ó athbhreithniú a rinneadh ar fheidhmíocht an Bhoird a cuireadh i gcrích go luath i rith na bliana. Ceapadh clár forfheidhmithe ag teacht leis na tosaíochtaí a mhol sainchomhairleoirí faoi na ceannteidil seo a leanas – ról agus éifeachtacht an Bhoird, scileanna agus saineolas an Bhoird agus bainistiú riosca. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt moltaí agus déanfar déileáil leis na moltaí eile le linn 2007.

Rinne an Bord maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Gnó 2006 ag teacht le Ráiteas Straitéise 2005-2007. Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le linn 2006, mar a bhí de cheangal ar an eagraíocht a dhéanamh, trí mheán an Choiste Iniúchta agus an iniúchóra inmheánaigh. Le linn na bliana, rinne an Bord athbhreithniú ar théarmaí tagartha agus ar chomhdhéanamh an Choiste Iniúchta agus cheadaigh siad go ndéanfaí coimisiúnú ar shainchomhairleoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhm airgeadais an RPII, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach agus moltaí a dhéanamh chun feabhas níos mó a chur ar éifeachtacht agus ar chríochnúlacht.

Rinne an Bord faomhadh ar thabhairt isteach Gradaim an Phríomhfheidhmeannaigh d'Fheidhmíocht atá faoi réir fhaomhadh na Roinne Airgeadais. Cé go bhfuiltear ag fanacht le go ndéanfar faomhadh air seo, de réir théarmaí na Scéime, chuir an Bord fochoiste ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh sa bhliain 2006.

Airgeadas

B'ionann ioncam an RPII sa bhliain 2006 agus €6.364 milliún agus é sin comhdhéanta de dheontas de €3.442 milliún le haghaidh cuspóirí reatha, deontas infhaighte de €1.204 milliún le haghaidh pinsin de réir mar atá de cheangal faoin FRS 17, agus ioncam de €1.326 milliún ó tháillí ceadúnais agus dáileogmhéadrachta, teastasú ar tháirgí, tomhas ar radón agus seirbhísí eile, agus €0.392 de dheontas caipitil a amúchadh le linn na bliana.

Chomh maith leis sin, fuarthas deontas caipitil de €1.220 milliún, ar úsáideadh a fhormhór chun íoc as uasghrádú a dhéanamh ar an líonra monatóireachta d'éigeandálaí núicléacha náisiúnta; cuireadh tús leis na tionscadal seo sa bhliain 2006, ach ní bheidh sé i gcrích go dtí 2007. B'ionann an caiteachas le linn na bliain agus €0.237 milliún, rud a fhágann iarmhéid de €0.983 milliún le tabhairt ar aghaidh chuig 2007.

Comhlíonann an RPII na rialacháin uile maidir le soláthar agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc a fhaightear laistigh de na tréimhsí a sonraítear ar na sonraisc nó laistigh den tréimhse reachtúil mura bhfuil tréimhse sonraithe ar an sonrasc.

Seirbhísí Airgeadais

Agus é mar aidhm an éifeachtacht is fearr a bhaint amach inár mbainistiú ar airgeadas, ar tugadh cuireadh chun tairisceana do ghnólachtaí cuntasaíochta le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhm iniúchta an RPII. Fostaíodh gnólacht cuntasaíochta agus rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an bhfeidhm airgeadais. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht agus rinneadh an Bord faomhadh orthu le go gcuirfí i bhfeidhm iad.

Íoc Pras Cuntas

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998. Tá an RPII faoi raon an Achta seo. Seo a leanas tuairisc ar na cleachtais íocaíochta a bhí i bhfeidhm ag an RPII i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006.

Tá sé mar pholasaí ag an RPII a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a íoc go pras. Áirítear i gcóras um rialú inmheánach na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta chun a chinntiú go ndéantar sonraisc agus conarthaí iníoctha a aithint laistigh de fhráma ama an Achta. Cuireann rannóg na gcuntas tuarascáil ar fáil a shonraíonn aon sonrasc atá fós gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil sin go rialta.

Bhí íocaíocht amháin ann a bhí os cionn €317 le linn 2006 agus bhí an íocaíocht sin 38 lá níos déanaí ná an dáta dlite. B'ionann luach na híocaíochta sin agus nd €19,457.

Acmhainní Daonna

Sa bhliain 2006 rinneadh dréachtú ar Lámhleabhar don Fhostaí atá ina chomhtiomsú de na téarmaí agus na coinníollacha, na seirbhísí agus na roghanna is déanaí atá infheidhme do gach fostaí de chuid an RPII. Rinne an fhoireann go léir athbhreithniú ar an gcáipéis seo trí mheán an phróisis Chomhpháirtíochta.

Ceapadh lámhleabhar ionduchtúcháin le go bhféadfadh gach bainisteoir úsáid a bhaint as agus iad ag leagan amach agus ag caighdeánú na nósanna imeachta éagsúla a bheadh i gceist agus baill foirne nua, baill foirne sealadacha ó ghníomhaireacht earcaíochta nó mac léinn ar cuairt á n-ionduchtú. San áireamh anseo bheadh seicliosta den eolas agus de na cáipéisí oifigiúla a gcaithfear a fháil, sláinte agus sábháilteacht, chomh maith le hoiliúint a bhaineann go sonrach leis an obair agus treoirlínte maidir meantóireacht le haghaidh daoine nua-earcaithe.

Foireann

Mar thoradh ar easpa acmhainní foirne a bheith ann i roinnt de na réimsí riaracháin, ní fhéadfaí fós roinnt feidhmeanna a chomhlíonadh le linn 2006. Cuireadh aighneacht shonrach faoi bhráid ár máthair-Roinne ag iarraidh ar an Roinn foireann bhreise a cheadú chun freastal ar an ualach oibre atá ag dul i méid, ach níor éirigh leis an iarratas sin. D'fhonn ár gclár oibre a chur i bhfeidhm caithfear an uaséifeacht a bhaint as an bhfoireann atá ann faoi láthair laistigh de na teorainneacha ceadaithe agus fostaíodh roinnt ball foirne ó ghníomhaireachtaí earcaíochta le linn na bliana ar bhonn gearrthéarmach.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta do pholasaí comhionannais deiseanna i ngach gné dá ghníomhaíochtaí. Díríodh go háirithe ar chomhionannas san earcaíocht, i gcoinníollacha fostaíochta agus san fháil atá ag daoine ar ardú céime, ar oiliúint agus ar fhorbairt gairme. Aithníonn an RPII go bhfuil socruithe solúbtha oibre ina chuid thábhachtach de na polasaithe comhionannais agus tá scéimeanna i bhfeidhm aige dála flexitime, saoire staidéir, sosanna gairme agus comhroinnt oibre. Faoi láthair, baineann ocht mball foirne fónamh as an deis comhroinnt oibre a dhéanamh agus mar sin is féidir leo a gcothromaíocht féin saol/oibre a bhaint amach.

Comhpháirtíocht

Tháinig an Coiste Comhpháirtíochta le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar an timpeallacht oibre, ar tháirgiúlacht agus ar fheabhas sa tseirbhís ach fóram a reáchtáil mar a bhféadfaí eolas a roinnt agus réiteach a fháil fhadhbanna i réimsí áirithe. Sa bhliain 2006 bhí siad seo a leanas ar roinnt de na saincheisteanna sin:

- dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ón athbhreithniú ar an eagraíocht;
- athbhreithniú ar Shláinte & ar Shábháilteacht;
- an comhaontú a thiocfaidh i gcomharba ar Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn;
- plean gníomhaíochta don ghrúpa fiordheimhnithe feidhmíochta faoi I dTreo 2016;
- comhtháthú ar an gCóras um Fhorbairt Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus Acmhainní Daonna;
- an chaoi a bhfeidhmíonn Comhpháirtíocht í féin agus na deiseanna oiliúna atá ann;
- polasaí ar shaincheisteanna eolaíocht-bhunaithe;
- an polasaí maidir le hardú céime;
- imeacht spóirt agus sóisialta a thionscnamh;
- ríomhobair;
- uaireanta oibre solúbtha a bheith i bhfeidhm.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ba é 2006 an chéad bhliain inar cuireadh i gcrích go hiomlán an Córas Bainistíochta Sábháilteachta nua. Cuireadh i bhfeidhm na n-eilimintí éagsúla den chóras seo le linn na bliana agus seachadadh na sainchuspóirí a leagadh amach don bhliain. Cuireadh críoch leis na mbliain leis an gcéad tuarascáil fhoirmiúil de chuid na Bhoird ar a raibh bainte amach aige sa réimse seo.

Éifeachtacht Fuinnimh

D'fhonn fuinneamh a shábháil ach rialú níos fearr a dhéanamh ar theocht inár n-oifigí, suiteáladh fuinneoga frithchaiteacha chun gnóthú teirmeach an tsamhraidh a laghdú a raibh orainn gaothráin iniompartha agus aerchóiriú a úsáid chun é a laghdú i mblianta roimhe seo.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Bíonn sé fós ina dhúshlán d'eagraíochtaí beaga fanacht chun dáta maidir leis na forbairtí gasta atá á ndéanamh sa timpeallacht TFC. Sa bhliain 2006, rinneadh coimisiúnú ar chomhairleoirí chun go ndéanfaí athbhreithniú ar TFC agus chun straitéis a cheapadh don dul chun cinn. Bhreathnaigh an t-athbhreithniú seo go sonrach ar gach próiseas gnó agus rinne sé moltaí lena n-áirítear athruithe bonneagair agus eagraíochtúla chomh maith le saintionsadail TFC. Rachfar i ngleic leis na moltaí sin sna trí bliana atá amach romhainn.

D'fhonn uaséifeacht agus costéifeachtacht a bhaint amach agus chun cur chuige comhleanúnach a chinntiú i ngach tionscadal atá TFC-bhainteach ar fud an RPII, mhol an t-athbhreithniú TFC go gcuirfí i bhfeidhm struchtúr foirmiúil bainistíochta tionscadail chun tionscadail TFC a bhainistiú. Glacadh leis na struchtúir nua seo láithreach agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chúpla tionscadal TFC ar cuireadh tús leo go déanach sa bhliain 2006. Ina theannta sin.

cuireadh feabhsúcháin i bhfeidhm ar sheirbhísí TF le linn 2006 lena n-áirítear tabhairt isteach ar chóras bainistíochta paiste, larú ar gach seirbhís inlín inmheánaigh agus suiteáil ar líonra breise de phointí cáblaithe.

Bainistiú ar Thaifid

Rinneadh forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach ar an gcóras um bainistiú ar thaifid ar fud na heagraíochta, ar córas é a tugadh isteach sa bhliain 2005. Rinne comhairleacht carltainne iniúchadh ar na cleachtais inmheánacha, agus chuidigh na torthaí leis an eagraíocht treoir a bheith aige maidir lena chlár oibre sa rannóg seo. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na taifid reatha agus é mar aidhm aige taifid a shainaithint agus a bhainistiú i gceart, ar taifid iad a raibh tábhacht stairiúil ag baint leo, maille le taifid riachtanacha agus taifid iomarcacha.

Leabharlann

Bhí foireann ann ar bhonn buan sa leabharlann le linn 2006, agus tar éis tréimhse oiliúna cuireadh tús le hathbhreithniú ar stoc agus ar sheirbhísí na leabharlainne. Beidh sé seo mar bhunús le feabhas a chur ar sheirbhísí amach anseo.

Seirbhísí Custaiméirí den Scoth

Bhí an RPII tiomanta soláthar seirbhíse den scoth a bheith ann do gach duine dá chustaiméirí ar fud raon leathan dá ghníomhaíochtaí. Mar shampla déanann an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú an creidiúnú ar sheirbhísí tomhais an RPII.

Sa bhliain 2006, d'fhoilsigh an Grúpa Oibre um Sheirbhísí Custaiméirí den Scoth (SCS) an chéad Phlean Gníomhaíochta SCS de chuid an RPII a leagan amach na gníomhaíochtaí a rachaidh an RPII ina mbun chun feabhas a chur ar chaighdeán a sholáthar seirbhíse dá chustaiméirí, go seachtrach agus go hinmheánach araon. Rinneadh leasú ar an gCairt Seirbhísí Custaiméirí agus foilsíodh é i bhfoirm bileoige eolais, agus bhí cárta d'aiseolas ó chustaiméirí mar chuid de. Tá an dá cháipéis seo ar fáil ar an suíomh gréasáin agus in oifigí an RPII, agus tá sé beartaithe iad a chur sa phost chuig na custaiméirí uile.



Baill an Bhoird

Ceapadh an tOllamh E Kennedy ina Chathaoirleach ar an mbord le héifeacht ón 10 Lúnasa 2006 agus é ag teacht i gcomharba ar an Dr F Mulligan, a bhí ina Chathaoirleach ar feadh tréimhse sé mhí a chríochnaigh an 21 Feabhra 2006.

Tháinig deireadh le téarma oifig A Dowling an 28 Bealtaine 2006 agus ceapadh P Gilligan ina háit le héifeacht an 10 Lúnasa 2006. D'éirigh an Dr S Darby as mar bhall Boird le héifeacht an 29 Samhain 2006 agus tháinig an Dr N McEniff i gcomharba air le héifeacht an 26 Márta 2007. Athcheapadh na baill seo a leanas, ar tháinig a dtéarmaí oifige chun críche le linn 2006: D Muckian, F Turvey agus A Roche.

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire le linn na bliana. Tá na líon cruinnithe ar fhreastail gach ball boird orthu le linn na bliana léirithe thíos, an líon idir lúibíní ag léiriú líon na gcruinnithe a raibh an ball sin i dteideal freastal orthu. Chomh maith leis sin, i gcás seisear ball a ainmníodh le go gceapfadh eagraíocht ar leith iad chuig an mBord, tá ainm na heagraíochta i gceist ann.

Cathaoirleach	
An tOllamh Eugene Kennedy *(ón 10 Lúnasa 2006)*	3(3)
An Dr Francis J Mulligan *(go dtí 21 Feabhra 2006)*	2(2)
Gregory Burke *Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann*	8(8)
An tOllamh Kieran Byrne	1(8)
An Dr Patrick Connellan *An Chomhairle Fiaclóireachta*	6(8)
An Dr Seán Darby *Dámh na Raideolaithe, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn*	0(7)
Anita Dowling *Cumann an nEolaíochta Fisiceacha sa Leigheas*	3(3)
James Fitzmaurice	8(8)
Patrick Gilligan *Cumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas*	3(3)
An Dr Michael Hurley *Comhairle na nDochtúirí Leighis*	7(8)
An Dr Lesley Malone *Cumann Leigheas Núicléach na hÉireann*	7(8)
Darina Muckian	5(5)
Adi Roche	7(8)
Francis J Turvey	5(5)

B'ionann an méid iomlán a caitheadh ar luach saothair agus ar speansais an Bhoird le linn 2006 agus €95,550.

Ballraíocht Choiste Iniúchta an Bhoird

An Dr F J Mulligan (Cathaoirleach go dtí 21 Feabhra 2006); An Dr P Connellan (ceaptha ina Chath. ón 23 Feabhra 2006); J Fitzmaurice; agus P Gilligan (ceaptha an 8 Samhain 2006).

1 2 3

1 **An tOllamh Eugene Kennedy** *Cathaoirleach*
Ceapadh an tOllamh Kennedy mar Chathaoirleach an Bhoird sa bhliain 2006, agus bhí sé ina Ollamh le Fisic in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le 20 bliain anuas ar a laghad agus tá sé faoi láthair ina Leas-Uachtarán taighde. Ceapadh é ina Chomhalta den Institiúid Fisice sa bhliain 1987 agus ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 2004. Tá cáil idirnáisiúnta air toisc a thaighde ar chúrsaí fisice adamhaí agus plasma, tá roinnt mhaith saothar foilsithe aige agus bhí sé ina bhall den iliomad bord náisiúnta agus idirnáisiúnta.

2 **Gregory Burke**
Ceapadh an tUasal Burke ar na mbord sa bhliain 1997. Is léachtóir é le hEolaíocht Bia agus le Sláinte Chomhshaoil in Institiúid Teicneolaíochta Baile Átha Cliath. Is Iar-runaí Oinigh ar Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann é. Bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Comhairleach an RPII um Radaíocht Comhshaoil agus bhí sé ina bhall den Choiste Comhairleach um Chaidrimh Phoiblí.

An tOllamh Kieran Byrne *(gan pictiúr)*
Ceapadh an tOllamh Byrne ar an mBord sa bhliain 2003. Tá sé ina stiúrthóir ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ó 2001 i leith. Is céimí é de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit ar bhain sé amach cáilíochtaí Máistreachta agus Dochtúireachta. Tá obair saothair foilsithe aige, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar ábhair a bhaineann le Stair, le hEolaíocht agus Teicneolaíocht, le hOideachais, le Cinnteoireacht agus le Pleanáil.

4 5 6 7 8 9 10

3 **An Dr Patrick Connellan**
Ceapadh an Dr Connellan ar na mBord sa bhliain 1992. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchta an RPII. Is iarbhall é den Bhord Iarchéimithe Leighis agus Fiaclóireachta agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Creidiúnaithe an Oideachais Leanúnaigh Fiaclóirachta agus ar na mBord Fiaclóireachta. Bronnadh Comhaltacht air le déanaí le Coláiste Idirnáisiúnta na bhFiaclóirí.

An Dr Seán Darby *(gan pictiúr)*
Ceapadh é ar an mBord sa bhliain 2004. Is raideolaí comhairleach é an Dr Darby. Is iarbhall é de Bhord Dhámh na Raideolaithe agus is cathaoirleach é den choiste um Chosaint Raideolaíoch atá ag an Dámh.

4 **James Fitzmaurice**
Ceapadh James Fitzmaurice ar an mBord sa bhliain 2002. Tá sé ina Stiúrthóir Bainisteoireachta ar an Bradan Group – foilsitheoir ar pháipéir áitiúla i gCill Mhantáin, i gCill Dara agus i gCeatharlach, chomh maith leis an Public Sector Times. Is iar-Chathaoirleach é ar ISME agus Uachtarán ar Chumann Lucht Tráchtála Bhrí Chualann. Tá sé ina Chathaoirleach ar na Irish e-Government Awards and Centres of Excellence. Bhí sé ina bhall de thascfhórsaí éagsúla rialtais do ghnóthaí beaga agus tá sé ina bhall faoi láthair ar Choiste Polasaí Straitéise Chomhairle Contae Chill Mhantáin um Chomhshaol agus Dhramhaíl. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairle an RPII um Chaidrimh Phoiblí.

5 **Patrick Gilligan**
Ceapadh Patrick Gilligan ar an mBord sa bhliain 2006. Bhí sé ina Príomh-Fhisiceoir ag soláthar seirbhísí cosanta radaíochta agus fisice leighis in Ospidéal Príobháideach an Mater. Bhí sé ina Chathaoirleach tráth ar Chumann na nEolaíochtaí Fisiceacha sa Leigheas agus ina bhall de Choiste um Radaíocht Ianaíoch Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

6 **An Dr Michael Hurley**
Ceapadh an Dr Hurly ar na mBord sa bhliain 2005. Tá sé ina Raideolaí Comhairleach in Ospidéal Ollscoile Chorcaí. Is ball Boird é de Chomhairle Dhochtúirí Leighis na hÉiraeann agus tá sé ina Chathaoireach ar Choiste um Radaíocht Ianaíoch Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

7 **An Dr Lesley Malone**
Ceapadh an Dr Malone ar an mBord sa bhliain 1997 agus tá sí ina Príomh-Fhisiceoir agus ina Comhairleoir um Chosaint Radaíochta in Ospidéal Beaumont. I measc na ngníomhaíochtaí eile a bhíonn ar bun aici bíonn oideachas agus oiliúint a chur ar ghairmithe éagsúla maidir le cúrsaí cosanta radaíochta agus íomháú leighis, Grúpa Sainspéise um Chosaint Radaíochta a thionól de chuid Chumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas agus feidhmiú mar chomheagarthóir don British Journal of Radiology. I measc na sainspéiseanna atá aici tá Leigheas Núicléach agus na dáileoga a fhaigheann othair agus baill foirne ó fheidhmeanna leighis.

8 **Darina Muckian**
Ceapadh Darina Muckian ar an mBord sa bhliain 1997. Is céimí Fisice í le breis is deich mbliana taithí innealtóireachta aici i leictreonaic agus i dtionscail bogearraí agus rinne sí stocaireacht maidir le saincheisteanna comhshaoil.

9 **Adi Roche**
Ceapadh Adi Roche ar an mBord sa bhliain 1997. Chuir sí ar bun an tionscadal Chernobyl Children's Project International agus d'oibrigh sí le 15 bliana anuas chun cúnamh daonnúil a thabhairt do leanaí sa Bhealarúise, Iarthar na Rúise agus sa Úcráin. Is Stiúrthóir feidhmeach í den Chernobyl Children's Project.

10 **Francis J Turvey**
Ceapadh an tUasal Turvey ar an mBord sa bhliain 2001. Is iar-Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin é de chuid an RPII agus ó d'imigh sé ar scor bhí sé ag obair mar innealtóir comhairleach i réimsí na cosanta raideolaíochta agus na sábháilteachta núicléiche. Is innealtóir Cairte é agus Comhalta ar roinnt eagraíochtaí gairmiúla lena n-áirítear Acadamh Innealtóireachta na hÉireann, Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus an Institiúid Fisice. Tá Teastas Trádála Seirbhíse aige ón UK Board of Trade Certificate of Service mar Innealtóir den Chéad Ghrád i gCabhlach na gCeannaithe.

Struchtúr na Foirne



Foireann an RPII 2006

Isabella Bolger	Ciara Maguire	Nancy French	Robert Ryan
Emily Clarke	Leo McKittrick	Teresa Grant	Tom Ryan
Olivia Cluskey	Ciara McMahon	Glenda Griffin	Catherine Scully
Tony Colgan	Ann McGarry	Olwyn Hanley	Kilian Smith
Ashley Curran	Paul McGinnity	Eileen Hayden	Veronica Smith
Lorraine Currivan	Alison McIntyre	Christopher Hone	Caroline Somers
David Dawson	Ailish Murphy	Dermot Howett	Stephen Somerville
Lucy Doody	Michael Murray	Kevin Kelleher	David Spain
Jarlath Duffy	Mairin O'Colmain	Marie Kelly	Hugh Synnott
Mary Fegan	John O'Grady	Tanya Kenny	Rose Timmons
Stephen Fennell	Catherine Organo	Stephanie Long	Sharon Wade
David Fenton	David Pollard	Jack Madden	Jennie Wong
Paul Fitzgerald	Sheila Powell	Barbara Rafferty	

Coistí Comhairleacha

An Coiste Comhairleach um Radaíocht Chomhshaoil

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil don Bhord maidir le radaighníomhaíocht sa chomhshaol.

Cathaoirleach Gregory Burke

An Dr Tony Colgan
David Fenton
Dermot Howett
An tOll Ian R. McAulay
An Dr Ann McGarry
An tOll James P. McLaughlin
An tOll Peter I Mitchell
Darina Muckian
An Dr Geraldine O'Reilly
David Pollard
An Dr Barbara Rafferty
An tOll William Reville
Adi Roche
An tOll Philip Walton

Rúnaí Eolaíochta Stephanie Long

Coiste Comhairlech um Radaíocht Leighis

Cuireann an Coiste Comhairleach seo comhairle ar an mBord maidir leis na húsáidí a baintear as radaíocht ianaíoch i gcúrsaí leighis agus fiaclóireachta.

Cathaoirleach An Dr George Duffy

Fionnuala Barker
An Dr David Clarke
Mary Coffey
Louise Diamond (éirithe as 2006)
An Dr Stephen Fennell
David Fenton
Christopher Hone
Dermot Howett
An Dr Lynn Johnson
An Dr Pat Kenny
An Dr Brendan McClean
An Dr Mark McEntee *(ceaptha 2006)*
An Dr Ann McGarry
An Dr Lesley Malone
Kate Matthews
An Dr Michael Moriarty
An Dr Geraldine O'Reilly
An tOll Prof Wil van der Putten
An Dr Tom Ryan
An Dr Stephen Skehan

Rúnaí Eolaíochta Tanya Kenny

Coiste Comhairleach um Chaidreamh Poiblí

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le caidreamh poiblí.

Cathaoirleach James Fitzmaurice

Gregory Burke
An Dr Tony Colgan
Marie Kelly
An Dr Ann McGarry

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste 28

Ráiteas maidir leis an gCóras
um Rialú Inmheánach Airgeadais 29

Ráiteas maidir le Freagrachtaí
na hInstitiúide 30

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta 31

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 32

Ráiteas Maidir le na Gnóthachain
agus na Caillteanais Aitheanta 33

Clár Comhardaithe 34

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais 35

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Té ráitis airgeadais na hInstitiúide Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na hInstitiúide agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na hInstitiúide leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na hInstitiúide.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Institiúid an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an ealoas faoi aon rud atá, de réir cosulachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis ná ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2007

Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch, glacaim leis an bhfreagracht a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmíonn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl ar chumas an chórais ach forchinntiú réasúnta seachas forchinntiú iomlán a thabhairt, go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara nó go gcuirtear stop le haon mhí-rialtacht ábhartha, laistigh de thréimhse réasúnta.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord le suíomh cuí a chinntiú trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ghnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun le go dtugtar cuntas ar aon teip shuntasach sa chóras rialaithe agus go gcuirtear i bhfeidhm céimeanna cuí chun é a chur ina cheart.

Tá próisis foirmiúla curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint trí:

- chineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a mheas a bheadh i ndán don chomhlacht, fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha san áireamh;
- an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta a mheas;
- chumas na heagraíochta bainistiú agus maolú ar na rioscaí a tharlaíonn.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar ghréasán faisnéise rialta a chuimsíonn scagadh agus dáileadh ar fhreagrachtaí go ciallmhar. Lena n-áirítear, go háirithe:

- córas buiséid cuimsitheach, le buiséad bliantúil ar a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú agus a n-aontaíonn siad leis;
- athbhreithnithe rialta á dhéanamh ag an mBord Stiúrthóirí ar chuntais dhémhíosúla bainistíochta agus ar thuarascálacha bliantúla a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena raibh réamh-mheasta;
- Treoirlínte um rialú infheistíochta caipitil a shoiléiriú atá sainaithe go soiléír.

Bunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar obair an iniúchóra inmheánaigh, déanfaidh an Coiste Iniúchta maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar a bhfuil freagrachtaí an chreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil agus na ráitis atá déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Chuir An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch feidhm iniúchta inmheánaigh ar bun de réir Chreatlach Chód na gCleachtas is Fearr atá sonraithe sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bunaítear obair an iniúchta inmheánaigh ar eolas a fhaightear ón anailís riosca atá nochta don chomhlacht, agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh ar an anailís sin. Tá an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Iniúchta agus faofa ag an mBord. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Sa tuarascáil tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthaineacht agus ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadas.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Déarbhaím, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais um rialú inmheánamh airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

6 Meán Fómhair 2007

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

De réir Alt 16(1) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, tá sé de cheangal ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ionas gur féidir leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil iad a fhaomhadh le toiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, tá sé de cheangal ar an Institúid:

- polasaithe oiriúnacha cuntasóireachta a chur i bhfeidhm agus ansin iad a úsáid go leanúnach tríd síos
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Institúid ag feidhmiú
- A dhearbhú cibé acu ar cloídh le caighdeáin chuntasaíochta chuí nó nár cloídh, faoi réir aon eisréimneacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá sí de fhreagracht ar an Institiúid leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtfadh ag aon am, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfeadh ar a cumas a chinntiú go gcloífeadh na ráitis airgeadais le hAlt 16(1) den Acht. Tá sé de fhreagracht ar an Institiúid freisin sócmhainní Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus dá bhrí sin tá sé de dhualgas orthu na céimeanna cuí a ghlacadh le calaois nó aon mhí-rialtacht eile a thabhairt faoi deara.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

An Dr Patrick Connellan
Ball Boird

6 Meán Fómhair 2007

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas mar atá sonraithe thíos, faoin ghnás costais stairiúil, de réir cleachtas a nglactar leis go coitianta. Glactar le Caighdeáin Thuairisceoireachta Airgeadais atá molta ag forais chuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra atá in úsáid sna ráitis airgeadais seo.

Tá na ráitis airgeadais san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Ioncam

Is é atá san ioncam a léirítear sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais Oireachtais ná fáltais airgid thirim a fuarthas i rith na bliana.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear sócmhainní ag a gcostas stairiúil lúide dímheas cnuasaithe. Ríomhtar dímheas sa mhodh díreach ag tagairt d'fhad saoil úsáideach measta na sócmhainní atá i gceist. Seo a leanas na rátaí:

- Troscán & Trealamh, Oifige agus Saotharlainne: 20%
- Déantar Feabhsúcháin ar an Láthair Léasachta a dhímheas thar tréimhse an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim sainithe pinsin i bhfeidhm ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a ndéantar maoiniú uirthi ar bhonn íoc mar a théir ó airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair a thuilleann na fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne atá ar coinneáil ag an Institiúid. Déantar méid, a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin, a chur san áireamh mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Déantar gnóthachain nó caillteanas achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime a thaispeáint sa Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta agus cuirtear coigeartú comhfhreagrach san áireamh sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí a dhéanfar amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is é atá sa phinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don luach anamúchtha ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. Ioncam Réamhíoctha

Is é atá i gceist le hioncam réamhíoctha ná ioncam ó tháillí ceadúnas a íocann ceadúnaithe roimh ré le haghaidh tréimhsí sa todhchaí.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

2005 €		Nótaí	2006 €
	Ioncam		
3,663,000	Deontais Oireachtais		4,662,000
1,050,014	Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean	7b	1,204,745
(40,443)	Aistrithe chuig Cuntas Caipitil	2	(827,896)
4,672,571			5,038,849
528,719	Seirbhís Dáileogmheádrachta & Calabrúcháin		504,306
296,323	Seirbhís um Thomhas Radóin		267,529
301,440	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta		346,837
144,973	Seirbhís Rialála		192,080
(7,003)	Ioncam Ilghnéitheach/Conartha		14,878
1,264,452			1,325,630
5,937,023			6,364,479
	Caitheachas		
2,750,069	Tuarastail	3	2,981,490
1,018,491	Pinsin	7c	1,179,322
93,816	Seirbhís Dáileogmhéadrachta & Calabrachúcháin		131,713
61,623	Seirbhís um Thomhas Radóin		49,885
122,448	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta		106,132
55,938	Seirbhísí Rialála		70,304
122,192	Cumarsáid		136,546
49,618	Sábháilteacht Núicléach		41,980
20,489	Leabharlann & Bainistiú Cáipéisí		41,785
513,762	Cóiríocht & Árachas	4	457,712
159,887	Taisteal & Cothabháil		181,487
89,717	Earcaíocht & Oiliúint		93,851
76,487	MIS, TF & Seirbhís Chustaiméirí		140,434
88,716	Postas, Guthán & Soláthairtí Oifige		78,346
76,096	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheacha		98,779
11,950	Táillí Iniúchóireachta		12,250
12,082	Drochfhiacha		0
411,337	Dímheas		389,268
5,734,718			6,191,284
202,305	**Barrachas/(Easnamh) don Bhliain**		173,195
412,133	Iarmhéid amhail 1 Eanáir		614,438
614,438	Iarmhéid amhail 31 Nollaig		787,633

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta maille leis na nótaí 1 go 11.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

An Dr Patrick Connellan
Ball Boird

6 Meán Fómhair 2007

Ráiteas Maidir le na Gnóthachain agus na Caillteanais Aitheanta *don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006*

2005 €		Nótaí	2006 €
202,305	Barrachas/(Easnamh) don bhliain		173,195
478,000	Gnóthachain/(Caillteanais) Taithí ar dhliteanais scéime pinsin		(3,000,000)
(777,000)	Athrú ar an mbonn tuisceana ar a bhfuil luach reatha dhliteanais na scéime pinsin bunaithe		181,000
(299,000)	Gnóthachain/(Caillteanais) Achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin (Nóta 7f)	7f	(2,819,000)
299,000	Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin		2,819,000
202,305	Iomlán na ngnóthachan/gcaillteanas iomlán aitheanta don bhliain		173,195

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta maille leis na nótaí 1 go 11.



An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

An Dr Patrick Connellan
Ball Boird

6 Meán Fómhair 2007

Clár Comhardaithe

amhail 31 Nollaig 2006

2005 €		Notes	2006 €
1,162,674	**Sócmhainní Seasta**	1	1,007,520
	Sócmhainní Reatha		
744,785	Airgead ar Láimh & sa Bhanc		1,728,864
387,271	Féichiúnaithe	8	444,018
1,132,056			2,172,881
	Creidiúnaithe – méideanna dlite laistigh de thréimhse bliana		
393,464	Creidiúnaithe	9	267,320
0	Deontas caipitil réamhíoctha	10	983,050
124,154	Ioncam Roimh Ré		134,880
517,618			1,385,249
614,438	**Glansócmhainní Reatha**		787,632
1,777,112	**Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha**		1,795,153
13,577,000	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	7d	17,600,745
(13,577,000)	Dliteanas Pinsin	7e	(17,600,745)
1,777,112	**Glansócmhainní**		1,795,153
	Maoinithe ag:		
614,438	**Cuntas Ioncaim & Caiteachais**		787,633
1,162,674	**Cuntas Caipitil**	2	1,007,520
1,777,112			1,795,153

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta maille leis na nótaí 1 go 11.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

An Dr Patrick Connellan
Ball Boird

6 Meán Fómhair 2007

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

1. Sócmhainní Seasta

	Feabhsúcháin Léasachta €	Troscán agus Trealamh Oifige agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas			
Amhail an 1 Eanáir 2006	788,301	4,653,475	5,441,776
Breiseanna	0	236,950	236,950
Diúscairt	0	(66,818)	(66,818)
Amhail an 31 Nollaig 2006	788,301	4,823,607	5,611,908
Dímheas			
Amhail an 1 Eanáir 2006	455,313	3,823,789	4,279,102
Muirear don Bhliain	25,617	363,651	389,268
Ar dhiúscairt	0	(63,982)	(63,982)
Amhail an 31 Nollaig 2006	480,930	4,123,458	4,604,388
Leabharluach Glan amhail an			
31 Nollaig 2005	332,988	829,686	1,162,674
Leabharluach Glan amhail an			
31 Nollaig 2006	307,371	700,149	1,007,520

Le linn 2006, rinne an Institiúid athbhreithniú ar a Clár Sócmhainní Seasta agus bhain míreanna de a chosain €66,818 a bhí dímheasta ina n-iomláine agus nach raibh in úsáid a thuilleadh. Seachas €2,836, rinneadh na míreanna seo a dhímhes ina n-iomláine.

2. Cuntas Caipitil

		2006 €
Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2006		1,162,674
Deontais Chaipitil Faighte le linn na Bliana*	1,220,000	
Lúide: Deontas Amúchta sa Bhliain	(389,268)	
Deontas Neamh-amúchta ó Shócmhainní a Díoladh**	(2,836)	
Aistrithe ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	827,896	
Aistrithe chuig Deontas Caipitil Roimh Ré*	(983,050)	(155,154)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2006		1,007,520

** B'ionann an Caiteachas Caipitil don Bhliain agus €236,950 (€1,220,000 - €983,050).*

*** Cuireadh suim de €2,836 chun sochair arís don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ón gCuntas Caipitil, is é sin an Caipitil neamh-amúnach maidir le sócmhainní a diúscraíodh le linn na Bliana.*

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

3. Tuarastail agus Pinsin

	2006 €	2005 €
Tuarastail Chomhlána	2,855,111	2,643,070
Á.S.P.C an Fhostóra	126,379	106,999
	2,981,490	2,750,069

Ar an meán bhí 46 duine (2005 – 46) fostaithe go lánaimseartha ag an eagraíocht i rith na bliana airgeadais, baill Bhoird as an áireamh.

4. Ceangaltais agus Oibleagáidí Léasa – Léasanna i bhfeidhm

3 Cearnóg Chluain Sceach

An méid atá iníoctha mar cheangaltais léasa thar an gcéad dhá mhí dhéag eile ná €270,000, measta ar bhonn rátaí cíosa reatha, a chuimsíonn íocaíochtaí cíosa ar léasa, dáta éaga 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an cíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Rinneadh a leithéid d'athbhreithniú ar an 1 Deireadh Fómhair 2003.

Urlár 1, Bloc 1, 1 Cearnóg Chluain Sceach

An méid atá iníoctha mar cheangaltais léasa thar an gcéad dhá mhí dhéag eile ná €17,500, measta ar bhonn rátaí cíosa reatha, a chuimsíonn íocaíochtaí cíosa ar léasa, dáta éaga 16 Feabhra 2007.

5. Ceangaltais Chaipitil

Luach iomlán na gceangaltas caipitil údaraithe amhail an 31 Nollaig 2006 ba ea €215,653.

6. Leasa Bhaill an Bhoird

Tá nósanna imeachta glactha ag an mBord de réir treoirlínte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheartaíocht shuntasach ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leasanna buntáisteacha ag baill an Bhoird.

7. Pinsin

a. Scéim Phinsin

Tá scéim sochair shainithe i bhfeidhm ag an Institiúid um Chosaint Raideolaíoch agus is scéim neamhchistithe í seo.

Bunaíodh na luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun go gcuirfí san áireamh riachtanais FRS17 chun dliteanais scéime a mheas amhail an 31 Nollaig 2006. Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS17

	Amhail 31/12/2006	Amhail 31/12/2005
Ráta Lascaine	4.7%	4.25%
Ráta an Mhéadaithe a Mheastar a thiocfaidh ar Thuarastail	4.0%	4.0%
Ráta an mhéadaithe ar an íocaíocht phinsin	4.0%	4.0%
Boilsciú	2.25%	2.25%

b. Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean i rith na bliana

	2006 (€'000)	2005 (€'000)
Maoiniú ar féidir é a aisghabháil maidir le Costais Phinsin don Bhliain Reatha	1,382	1,185
Deontas Stáit úsáidte chun Íoc as Pinsin	(177)	(135)
	1,205	1,050

c. Anailís ar na costais iomlána a cuireadh de mhuirear ar Chaiteachas

	2006 (€'000)	2005 (€'000)
Costas seirbhíse reatha	792	624
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	590	561
Ranníocaíochtaí na bhfostaithe	(203)	(167)
	1,179	1,018

d. Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an RPII méideanna atá dlite ón Stát le haghaidh dliteanais phinsin iarchurtha ar bhonn cúpla imeachta a tharla roimh ré. I measc na n-imeachtaí sin tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus polasaí agus cleachtach maidir le maoiniú a dhéanamh ar phinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas meastacháin bliantúil. Nil aon fhianaise ag an RPII nach leanfaidh an maoiniú polasaí seo ag freastal go forásach ar an méid de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2006 agus €17.601 milliún (2005 €13.577 milliún).

e. Gluaiseacht i nGlandliteanais Pinsean i rith na bliana airgeadais

	2006 (€'000)	2005 (€'000)
Glandilteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	13,577	12,228
Costas Seirbhíse Reatha	792	624
Costais Úis	590	561
(Gnóthachan)/Caillteanas achtúireach	2,819	299
Pinsin íoctha i rith na bliana	(177)	(135)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	17,601	13,577

f. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas taithí

	2006	2005
Méid na (nGnóthachan)/gCaillteanas taithí ar dhliteanais scéime (€'000)	3,000	(478)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	17%	(3%)
Iomlán aitheanta in STRGL (€'000)	2,819	299
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	16%	2%

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

8. Féichiúnaithe

	2006 €	2005 €
Féichiúnaithe le haghaidh seirbhísí	267,442	201,581
Soláthar do Dhrochfhiacha	(9,433)	(12,082)
Réamhíocaíochtaí	186,009	197,772
	444,018	387,271

9. Creidiúnaithe

	2006 €	2005 €
Fabhruithe	265,776	387,492
Ardbhailitheoir	1,544	5,972
	267,320	393,464

10. Deontas Caipitil Réamhíoctha

Fuair an Institiúid Deontas Caipitil maidir le tionscadal nach bhféadfaí a chur i gcrích le linn 2006. Amhail Nollaig 2006, bhí iarmhéid de €983,050 fós ann le caitheamh le linn 2007, agus tá sé seo léirithe mar Dheontas Caipitil Réamhíoctha.

11. Faomhadh ar na Ráitis Airgeadais

Rinne an bord faomhadh ar na ráitis airgeadais an 6 Meán Fómhair 2007.